



# Tuarascáil Bhliantúil

2016/2017

An Chomhairle  
Mhúinteoireachta  
The Teaching Council



# 2016 – 2017: Roghbhlúire



Bhí

# 94,928

múinteoir cláraithe leis an  
gComhairle Mhúinteoireachta



Baineadh úsáid as an áis  
'Cuardaigh an Clár' beagnach

# 148,000

UAIR



Bhí an oiliúint  
Foirne Tacaíochta  
Gairmiúla curtha i  
gcrích ag

# 501 ✓

SCOIL

ag deireadh na  
bliana tuairiscithe

RINNEADH GRINNFHIOSRÚCHÁN AR

# 27,534

MÚINTEOIR AR AN GCÓRAS RÍOMH-  
GHRINNFHIOSRÚCHÁIN NUA,

i gcomparáid le huasmhéid de  
12,000 a rinneadh roimhe  
seo ag baint úsáide as an  
gcóras ar páipéar

Bhí

**150**léiriú spéise i gcéim  
forbartha **Cosán**

RINNEADH

**26**GEARÁN  
FEIDHMIÚLACHTA  
CHUN MÚINEADH  
leis an gComhairle  
Mhúinteoireachta

Bhí os cionn

**400,000**  
**CUAIRTEOIR**

ar láithreán gréasáin na Comhairle

D'eisigh an  
Chomhairle**19**  
**EZINE**

Rinneadh os cionn

**31,000+**cuardach ar bhailiúchán  
Irisleabhar Oideachais  
EBSCO trí láithreán gréasáin  
na Comhairleagus rith sí **6**  
**SEIMINEÁR**  
**GRÉASÁIN**  
**TAIGHDE**

# Brollach

Sa Tuarascáil Bhliantúil seo leagtar síos gníomhaíochtaí na Comhairle Múinteoireachta idir an 28 Márta 2016 agus an 27 Márta 2017.



**Seán McMahon**  
Leaschathaoirleach

Is cúis áthais dom an léargas ginearálta seo ar obair na Comhairle Múinteoireachta a rinneadh le linn bliana a bhí an-ghnóthach agus an-suntasach a chur faoi bhur mbráid.

Ag deireadh na bliana tuairiscithe, bhí beagnach 95,000 múinteoir cláraithe leis an gComhairle. Tá múinteoirí go hiomlán tiomanta do thairbhí foghlama ardchaighdeán a chur ar fáil do gach foghlaimeoir inár gcóras oideachais, agus bíonn tionchar ollmhór ag a gcuid oibre. Is mian liom mo bhuíochas a ghabháil leis na múinteoirí uile sa tír a bhíonn ag obair go crua gach lá chun na leanaí agus daoine óga a bhfuil siad freagrach astu a theagasc agus a chothú. Go deimhin, is ceiliúradh é FÉILTE (an Fhéile Oideachais um Barrfheabhas Foghlama agus Teagaisc) den obair chrua sin agus den nuálaíocht atá i gcroílár an teagaisc in Éirinn san 21ú haois.

Cuspóir straitéiseach tábhachtach don Chomhairle is ea cultúr na comhfhoghlama a chur chun cinn ina spreagtar agus ina gcuirtear i bhfeidhm an taighde agus treoirchleachtadh i suíomh an tseomra ranga. Tá leibhéal rannpháirtíochta na múinteoirí i dtionscnaimh na Comhairle le cúrsaí taighde a chur chun cinn ar dóigh, idir an rannpháirtíocht sna seimineáir ghréasáin a reáchtálann an Chomhairle agus rochtain a dhéanamh ar an éagsúlacht iontach d'eolas atá ar fáil do mhúinteoirí cláraithe ar EBSCO. Táim ag tnúth le leanúint ar aghaidh agus tábhacht an taighde sa teagasc a chur chun cinn sa bhliain amach romhainn, go háirithe trí Chreatlach Tacaíochta Taighde nua na Comhairle, a bhfuil mar aidhm aici tacaíocht a thabhairt d'fhoghlaim leanúnach na múinteoirí trína gcuid rannpháirtíochta i agus le cúrsaí taighde.

Is céim shuntasach í tosach feidhme d'Fheidhmiúlacht chun Múineadh i mí Iúil 2016 le hionracas ghairm na múinteoireachta a chosaint trí mheicníocht a chur ar fáil do ghearáin atá le déanamh faoi mhúinteoirí cláraithe. Cuirtear an pobal agus an ghairm ar a suaimhneas agus iad ar an eolas gur próiseas láidir atá ann atá deartha lena chinntiú go ndéileáiltear le cúrsaí tromchúiseacha go hiomchuí.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an gComhairle as ucht a dúthrachta le comhoibriú le chéile le misean na Comhairle a chur chun tosaigh maidir le gairm na múinteoireachta a chur chun cinn agus a rialáil ar mhaithe le leas an phobail.

Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh freisin le Stiúrthóir, bainisteoir agus baill foirne na Comhairle as ucht an obair chrua a dhéanann siad agus a dtiomantas le tacaíocht a thabhairt don Chomhairle.

# Tuairisc an Stiúrthóra

Is cúis mhór áthais dom  
Tuarascáil Bhliantúil na Comhairle  
Múinteoireachta don bhliain  
tuairiscithe 2016/2017 a chur i láthair.



**Tomás Ó Ruairc**  
Stiúrthóir

Sa bhliain tuairiscithe seo chonacthas an rannpháirtíocht mhéadaithe ní hamháin i ngairm na múinteoireachta, ach leis an bpobal agus go deimhin leis na páirtithe leasmhara oideachais uile. San áireamh anseo bhí tosach feidhme d'Fheidhmiúlacht chun Múineadh, Iainseáil Cosán, an chreatlach náisiúnta um fhoghlaim múinteoirí, chomh maith le creatlach nua ionduchtúcháin de chuid Droichead. Tá an Chomhairle tiomanta don rannpháirtíocht seo a fheabhsú le tuilleadh tacaíochta a thabhairt d'fhorbairt agus cur i bhfeidhm na mbeartas. Mar atá ráite ag an Leaschathaoirleach, príomhspríoc den obair uile seo ná cultúr comhfhoghlama a bhaint amach ina spreagtar agus ina gcuirtear i bhfeidhm an taighde agus treoirchleachtadh i suíomh an tseomra ranga.

Sa chomhthéacs, reáchtáil an Chomhdháil líon laethanta comhfhoghlama i rith na bliana, ar chúrsaí taighde agus socrúcháin scoile. Ba dheiseanna iad seo do mhúinteoirí agus do pháirtithe leasmhara teacht le chéile agus foghlaim ó thaithí a chéile. Ag FÉILTE 2016 cuireadh deis thábhachtach ar fáil freisin do mhúinteoirí le bailiú agus foghlaim óna chéile, chomh maith le léargas a thabhairt don phobal don nuálaíocht den scoth atá ar bun sa teagasc ar fud na hÉireann. Sa bhliain comórtha seo de chéad bliain ó Éirí Amach na Cásca, ba dheis áisiúil í an díospóireacht painéil ag FÉILTE faoin am a chuaigh thart agus an todhchaí in oideachas na hÉireann chun machnamh a dhéanamh ar na hathruithe uile a tharla ó bunaíodh an Stát agus chun labhairt faoi cá bhfuilimid ag dul anois.

Faoinár sainchúram rialála, sa bhliain tuairiscithe chonacthas tosach feidhme na Rialachán Clárúcháin nua chun na próisis chlárúcháin suas chun dáta agus na cáilíochtaí oideachas tosaigh múinteoirí breisithe a léiriú.

I rith na bliana cuireadh tús leis an Acht um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta) 2012, inar tugadh isteach ríomh-ghrinnfhiosrúcháin. Ba í an Chomhairle an chéad eagraíocht a bhí beo le grinnfhiosrúcháin ar líne agus, thar tréimhse na bliana tuairiscithe, rinne an Chomhairle níos mó ná 25,000 iarratas le haghaidh grinnfhiosrúcháin a phróiseáil. Tá sé seo i bhfad níos fearr i gcomparáid leis an gcóras ar páipéar, ina ndéanfaí 12,000 iarratas ar ghrinnfhiosrúcháin ar a mhéad a phróiseáil. Chuir an Chomhairle tús le grinnfhiosrúcháin cúlghabhálach a dhéanamh ar mhúinteoirí i mí Eanáir 2017, agus an spríoc atá aici go mbeidh na múinteoirí uile ar an gClár ag déanamh iarratais ar ghrinnfhiosrúcháin faoin 31 Nollaig 2017.

Ó mo thaobhsa de, bhí go leor deiseanna agam bualadh agus labhairt le múinteoirí i scoileanna, ag comhdhálacha éagsúla agus ag FÉILTE. Tá an mothú inbhraite den bhród, ionracas agus fonn gairmiúil atá acu fós ina spreagadh dom féin agus do mo chomhghleacaithe uile sa Chomhairle.

Agus mé i dteagmháil le tuismitheoirí agus páirtithe leasmhara eile, tá sé níos soiléire dom go bhfuil cómhthó againt den tiomantas agus fonn don taithí teagaisc agus foghlama is fearr dár leanaí, daoine óga agus foghlaiméoirí aosaigh. Táimid ag iarraidh obair a dhéanamh i gcomhar lena chéile le go mbeidh siad in ann barr a gcumais a bhaint amach, ionas gur féidir linn na dúshláin nach eol dúinn sa todhchaí a shárú le chéile. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo agus le gairm na múinteoireachta as ucht a bhfuinnimh, foinn agus tiomantais, agus táim ag tnúth le bheith ag obair i gcomhar leo leis an bhfís seo a bhaint amach.

Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le comhaltaí na Comhairle freisin, a d'oibrigh go crua ó ceapadh iad. Fuair an Chomhairle oiliúint fhairsing maidir le Feidhmiúlacht chun Múineadh i mbliana, ina raibh tiomantas breise ag teastáil ó na comhaltaí – na Coistí Imscrúdaithe agus Feidhmiúcháin go háirithe – agus is mian liom aitheantas a thabhairt dóibh. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe freisin atá ar fhoireann na Comhairle as ucht an obair chrua atá déanta acu agus as ucht a ngairmiúlachta agus iad ag tacú leis an gComhairle lena sainordú a chomhlíonadh.



# Clár an Ábhair

1	Eolas faoin gComhairle Mhúinteoireachta	8
2	Cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach	10
3	An Clár Múinteoirí	12
4	Feabhas a chur ar chaighdeán a bhaineann le hiompar agus cleachtadh gairmiúil	15
5	Teagasc, foghlaim agus taighde	18
6	An mhúinteoireacht mar ghairm a chur chun cinn	21
7	Eagraíocht éifeachtúil agus éifeachtach a fhorbairt agus a chothabháil	24

## Aguisíní

<b>Aguisín 1</b>	Ráitis airgeadais	28
<b>Aguisín 2</b>	Comhaltaí na Comhairle Múinteoireachta	43
<b>Aguisín 3</b>	Coistí agus painéil	44
<b>Aguisín 4</b>	Costais chomhaltaí na Comhairle 2016	48

# 1 Eolas faoin gComhairle Mhúinteoireachta

Bunaíodh an Chomhairle Mhúinteoireachta ar bhonn reachtúil i mí an Mhárta 2006.

**Is iad seo a leanas feidhmeanna reachtúla na Comhairle:**

- > gairm na múinteoireachta a chur chun cinn agus a rialáil
- > caighdeán teagasc, eolais, oilteachta agus inniúlachta a chothabháil agus a fheabhsú
- > clár múinteoirí a bhunú agus a chothabháil
- > cód iompair ghairmiúil do mhúinteoirí a bhunú, a fhoilsiú, a athbhreithniú agus a chothabháil, a mbeidh caighdeán teagasc, eolais, oilteachta agus inniúlachta ar áireamh ann, agus
- > forbairt ghairmiúil leanúnach múinteoirí a chur chun cinn

Tá gach rud a dhéanann an Chomhairle ar deireadh thiar thall ag díriú ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim. Is iad na trí chrann taca a thugann tacaíocht don obair seo ná Taighde, Cleachtadh Machnamhach agus Caidrimh.



## Taighde

Tá taighde a dhéanann múinteoirí agus do mhúinteoirí riachtanach chun tacú lena bhfoghlaim agus cleachtadh mar ghairmithe. Braitheann obair na Comhairle freisin ar an taighde leis na cinntí is fearr agus is féidir a dhéanamh ar mhaithe leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim.



## Caidrimh

*“Is é atá i gceist leis an bhfoghlaim ar fad caidrimh a thuiscint.”*

(George Washington Carver)

Tagann beocht sa teagasc agus san fhoghlaim trí chaidrimh dhearfacha agus thairbheacha. Braitheann caighdeán obair na Comhairle ar chaighdeán na gcaidreamh a bhíonn aici le dreamanna eile.

## Cleachtadh machnamhach

Tá an cleachtadh machnamhach riachtanach do gach múinteoir, agus do mhúinteoirí mar phobal foghlama gairmiúla, le go mbeidh na gairmithe in ann na cinntí is fearr a dhéanamh ar mhaithe lena scoláirí. Tá sé ríthábhachtach le múinteoirí a chothú mar dhaoine agus mar ghairmithe chomh maith. Mar eagraíocht foghlama, glacann an Chomhairle páirt i gcleachtadh machnamhach freisin, chun cuidiú linn na cinntí is fearr a dhéanamh ar mhaithe leis an ngairm, na tuismitheoirí, daltaí agus pobal i gcoitinne.



## Comhaltas na Comhairle Múinteoireachta


Tá 37 comhalta ar an gComhairle Mhúinteoireachta atá déanta suas díobh seo a leanas:

- > 11 mhúinteoir bun scoile, naonúr díobh atá tofa agus beirt díobh atá ainmnithe ag ceardchumann múinteoirí
- > 11 mhúinteoir iarbhun scoile, seachtar díobh atá tofa agus ceathrar díobh atá ainmnithe ag ceardchumann múinteoirí
- > beirt atá ainmnithe ag coláistí oideachais
- > beirt atá ainmnithe ag comhlachtaí tríú leibhéal sonraithe
- > ceathrar atá ainmnithe ag bainistíocht scoile (beirt ag leibhéal na bun scoile agus beirt ag leibhéal na iarbhun scoile)
- > beirt ainmnithe ag cumainn tuismitheoirí (duine amháin ag leibhéal na bun scoile agus duine amháin ag leibhéal na iarbhun scoile) agus
- > cúigear atá ainmnithe ag an Aire Oideachais agus Scileanna, lena n-áirítear duine amháin a dhéanann ionadaíocht do Chónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC) agus duine amháin a dhéanann ionadaíocht do Chomhdháil na gCeardchumann (ICTU).

Tá tuilleadh mionsonraí faoi chomhaltas na Comhairle Múinteoireachta le fáil in Aguisín 2.

## An fhoireann ardbhainistíochta

I rith na bliana tuairiscithe fuair an Chomhairle Mhúinteoireachta tacaíocht ina gcuid oibre ó fhoireann feidhmiúcháin de 44 ball foirne, faoi stiúir foirne ardbhainistíochta.



## 2 Cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach

I bPlean Straitéiseach na Comhairle Múinteoireachta 2015-2017 cuirtear treoir straitéiseach ar fáil sna réimsí seo a leanas: clárúchán; teagasc, foghlaim agus taighde; agus, feidhmiúlacht chun múineadh, laistigh de chreat an Achta um Chomhairle Mhúinteoireachta 2001-2015.



Sa phlean leagadh amach ceithre sprioc straitéiseacha do 2015-2017:



1. Obair i gcomhar leis an ngairm, leis an bpobal agus leis an páirtithe leasmhara uile le cultúr foghlama comhroinnte a chur chun cinn ina spreagtar agus ina gcuirtear i bhfeidhm an taighde agus an treoirchleachtadh laistigh de shuíomh an tseomra ranga
2. Na príomhchaighdeáin d'oideachas agus cleachtadh múinteoirí a fhorbairt agus a chur chun cinn, agus a chinntiú go mbaintear na caighdeáin sin amach trí phróisis clárúcháin éifeachtacha
3. Feabhsú i gcultúr na foghlama gairmiúla a stiúradh, lena n-áirítear creatlach náisiúnta um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) don mhúinteoireacht
4. A chinntiú go ndéanann an fhorbairt a dhéantar ar na próisis Feidhmiúlacht chun Múineadh tuilleadh feabhais ar mhuintín an phobail sa ghairm.

Rinneadh dul chun cinn suntasach i rith na bliana tuairiscithe leis na spriocanna seo a fhorbairt, mar seo a leanas:

<p><b>SPRIOC 1</b></p>  <p><b>Obair i gcomhar leis an ngairm, leis an bpobal agus leis an páirtithe leasmhara uile le cultúr foghlama comhroinnte a chur chun cinn ina spreagtar agus ina gcuirtear i bhfeidhm an taighde agus an treoircleachtadh laistigh de shuíomh an tseomra ranga</b></p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>&gt; Reáchtáil an Chomhairle sé sheimineár gréasáin i rith na bliana agus d'eisigh sí cúig ríomhíris taighde.</li> <li>&gt; Tháinig an Grúpa Rannpháirtíochta Taighde le chéile trí huair.</li> <li>&gt; Lainseáladh Creat Tacaíochta Taighde na Comhairle, le buiséad bliantúil de €100,000 chun tacú le rannpháirtíocht múinteoirí i gcúrsaí taighde agus le cúrsaí taighde.</li> <li>&gt; Rinne múinteoirí 31,519 cuardach ar EBSCO, an leabharlann ar líne d'irisleabhair taighde i gcúrsaí oideachais.</li> <li>&gt; Reáchtáladh FÉILTE (an Fhéile Oideachais um Barrfheabhas Foghlama agus Teagaisc) ar an 1 Deireadh Fómhair agus bhí tinreamh de níos mó ná 1,000 ann, múinteoirí agus baill den phobal ina measc.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>&gt; Reáchtáladh lá comhfhoghlama ar shocrúchán scoile i mí na Samhna 2016, inar chuir scoileanna agus institiúidí ardoideachais (HEIanna) cleachtas nuálach ar taispeáint maidir le tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí faoi oiliúint.</li> <li>&gt; Reáchtáladh lá comhfhoghlama ar chúrsaí taighde i mí an Mhárta 2017, i gcomhar leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta agus an Lárionad do Sheirbhísí Éifeachtacha.</li> <li>&gt; Rinne an Chomhairle cur i láthair ag líon comhdhálaigh taighde a reáchtáil páirtithe leasmhara seachtracha.</li> </ul>
<p><b>SPRIOC 2</b></p>  <p><b>Na príomhchaidheáin d'oideachas agus cleachtadh múinteoirí a fhorbairt agus a chur chun cinn, agus a chinntiú go mbaintear na caidheáin sin amach trí phróisis clárúcháin éifeachtacha</b></p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>&gt; Iontráladh 3,177 céimí nua ar an gClár i rith na bliana</li> <li>&gt; Cuireadh córas grinnfhiosrúcháin ar líne i bhfeidhm ar bhonn céimnitheach i rith na bliana.</li> <li>&gt; Cuireadh tús le tionscadal grinnfhiosrúcháin chúlghabhálaigh agus an aidhm aige go mbeidh grinnfhiosrúcháin déanta ar gach múinteoir faoi dheireadh 2017.</li> <li>&gt; Rinneadh grinnfhiosrúchán ar 27,534 múinteoir i rith na bliana ar an gcóras ríomh-ghrinnfhiosrúcháin nua, i gcomparáid le huasmhéid de 12,000 a rinneadh roimhe seo ar chóras ar páipéar.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>&gt; Baineadh úsáid as an áis 'Cuardaigh an Clár' ar láithreán gréasáin na Comhairle beagnach 148,000 uair.</li> <li>&gt; Tugadh isteach rialacháin cláraithe nua, atá taobh thiar de na riachtanais cáilíochtaí breisithe do mhúinteoirí nua.</li> <li>&gt; Rinneadh comhairliúchán maidir le hoideachas Montessori i rith na bliana.</li> <li>&gt; Ceapadh painéil nua de chomhairleoirí seachtracha chun tacú leis an bpróiseas measúnaithe ar cháilíochtaí do mhúinteoirí a cháiligh lasmuigh den Stát. Reáchtáladh seisiúin eolais do chomhairleoirí le cur chuige seasta i dtreo an mheasúnaithe ar cháilíochtaí a chinntiú sna hearnálacha agus ábhair uile.</li> </ul>
<p><b>SPRIOC 3</b></p>  <p><b>Feabhsú i gcultúr na foghlama gairmiúla a stiúradh, lena n-áirítear creatlach náisiúnta um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) don mhúinteoireacht</b></p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>&gt; Rinne an Chomhairle Droichead, an creat ionductúcháin do mhúinteoirí nuacháilithe, a fhaomhadh i mí an Mhárta 2016, agus rinneadh roinnt leasuithe air tar éis aiseolas a fháil. Rinne an Chomhairle an beartas athbheithnithe a fhaomhadh i mí an Mhárta 2017.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>&gt; Bhí an oiliúint Foinne Tacaíochta Gairmiúla curtha i gcrích ag 501 scoil ag deireadh na bliana tuairiscithe.</li> <li>&gt; Tugadh Grúpa Oibre Cosán le chéile chun an fhorbairt a threorú maidir le beartas na Comhairle sa réimse FGL.</li> <li>&gt; Fuarthas os cionn 150 léiriú spéise in Cosán ó mhúinteoirí agus scoileanna le linn na bliana tuairiscithe.</li> </ul>
<p><b>SPRIOC 4</b></p>  <p><b>A chinntiú go ndéanann an fhorbairt a dhéantar ar na próisis Feidhmiúlacht chun Múineadh tuilleadh feabhais ar mhuintir an phobail sa ghairm</b></p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>&gt; Thosaigh Feidhmiúlacht chun Múineadh ar an 25 Iúil 2016.</li> <li>&gt; Cuireadh oiliúint fhairsing ar chomhaltaí agus bhaill foirne na Comhairle.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>&gt; Cuireadh faisnéis maidir le Feidhmiúlacht chun Múineadh ar fáil do mhúinteoirí, díreach tríd an bpost, ar ríomhphost agus ar láithreán gréasáin na Comhairle, agus go neamhdhíreach trí theagmháil a dhéanamh leis na páirtithe leasmhara.</li> <li>&gt; Fuair an Chomhairle Mhúinteoireachta 26 gearán idir deireadh mhí Iúil agus deireadh na bliana tuairiscithe, a rinneadh a mheas faoi na nósanna imeachta Feidhmiúlacht chun Múineadh.</li> </ul>

## 3 An Clár Múinteoirí

Is í an Chomhairle Mhúinteoireachta atá freagrach as baill ghairm na múinteoireachta a chlárú. Is é atá i gceist leis sin an Clár Múinteoirí a bhunú agus a chothabháil; caighdeáin iontrála don Chlár a shocrú; agus iarratais le bheith curtha leis an gClár a mheasúnú.



Bhí 94,928 múinteoirí ar an gClár ar an 27 Márta 2017. Is glanmhéadú é seo de 3,124 thar an mbliain roimhe. I rith na bliana iontráladh 3,177 céimí nua ar an gClár. Is méadú é seo de thart ar 1,500 múinteoir nua thar an mbliain roimhe tar éis an aistriú chuig na cláir oideachas tosaigh múinteoirí (OTM).

Bealach clárúcháin	Líon
Bealach 1 Bunscoil	44,552
Bealach 2 Iarbhunscoil	42,541
Bealach 3 Breisoideachas	9,699
Bealach 4 Eile	1,227

*Tabhair faoi deara: d'fhéadfadh múinteoirí a bheith cláraithe faoi níos mó ná bealach amháin.*

Mar a bhí i mblianta roimhe seo, agus i gcomhréir le gairm na múinteoireachta i dtíortha eile, is mná iad tuairim is 77% de na múinteoirí cláraithe agus is fir iad 23%.

### Rochtain ar fhaisnéis ar an gClár

Tá an Clár Múinteoirí ar fáil don phobal le cigireacht a dhéanamh air trí áis ar líne '[Cuardaigh an Clár](#)' ar [láithreán](#) gréasáin na Comhairle. Baineadh úsáid as an áis seo 147,937 uair i rith na bliana.

### Clárú a athnuachan

Ó mhí Eanáir 2014, ní mór do mhúinteoirí i scoileanna aitheanta a bheith cláraithe leis an gComhairle le híocaíocht tuarastail a fháil atá maoinithe ag an Stát. Ní mór do mhúinteoirí cláraithe a gclárú a athnuachan gach bliain le fanacht ar Chlár na Múinteoirí. D'fhan an táille athnuachana ar chlárú ag €65 agus is féidir faoiseamh cánach ioncaim a éileamh.

I rith na bliana, rinne 81% de na múinteoirí a gclárú a athnuachan ar líne. Ba ardú sé seo ó 76% in 2016.

Mar a bhí i mblianta roimhe seo,  
agus i gcomhréir le gairm na  
múinteoireachta i dtíortha eile,  
**is mná iad tuairim is 77% de na  
múinteoirí cláraithe agus is fir iad 23%.**

### Rialacháin clárúcháin

Thug an Chomhairle isteach rialacháin clárúcháin nua i mí Iúil 2016 agus leasaíodh iad seo arís i mí na Samhna. Baineann na rialacháin seo leis na nósanna imeachta iarratais ar chlárú, clárú le coinníollacha, an Clár a chothabháil agus na bealaí clárúcháin. Chomh maith leis sin, sna rialacháin cuirtear san áireamh na riachtanais bhreisithe do na cáilíochtaí nua le bheith mar mhúinteoir ar thug an Chomhairle creidiúnú dóibh le blianta beaga anuas. Ciallaíonn na rialacháin seo freisin nach mór grinnfhiosrúchán a dhéanamh ar mhúinteoir lena gclárú a athnuachan.

### Coinníollacha clárúcháin

Bronntar clárú coinníollach nuair nach bhfuil riachtanais chlárúcháin uile na Comhairle Múinteoireachta comhlíonta ag múinteoir ag an gcéad chlárú. Leagtar amach na coinníollacha a bhaineann le clárú múinteora, agus na modhanna agus sceidil chun tabhairt faoi na coinníollacha seo, don mhúinteoir nuair a chláraíonn sé nó sí. De ghnáth tugtar trí bliana do mhúinteoirí chun tabhairt faoina gcoinníollacha clárúcháin agus is féidir síneadh ama a lorg i gcásanna eisceachtúla

Déantar teagmháil le múinteoirí a bhfuil coinníollacha ag seasamh amach ar a gclárú trí mhí roimh na dátaí éaga.

I rith na bliana tuairiscithe, rinneadh teagmháil le 1,834 múinteoir maidir lena gcoinníollacha clárúcháin:

- > Chomhlíon 728 múinteoir a gcoinníollacha, d'athraigh siad earnáil nó bhain siad iad féin go deonach den Chlár Múinteoirí
- > Baineadh 138 múinteoir den Chlár toisc nár chomhlíon siad riachtanais a gclárúcháin choinníollaigh agus
- > Bronnadh síneadh ama ar 970 iarratas; shásaigh 256 de na múinteoirí seo a gcoinníollacha clárúcháin ina dhiaidh sin.

### Tionscadal deimhnithe MGO

I rith na bliana tuairiscithe, thug an Chomhairle áis nua isteach chun ligean do mhúinteoirí iarbhunscóile faoi oiliúint i mbun na Máistreachta Gairmiúla in Oideachas (MGO) a gcáilitheacht a dheimhniú le clárú leis an gComhairle nuair a éiríonn leo a gcuid staidéar a chur i gcrích. Tugtar cuireadh do na múinteoirí faoi oiliúint iarratas a dhéanamh lena gcáilíocht iomchuí a bheith deimhnithe san ábhar a bhfuil i gceist acu a mhúineadh. Ar an iomlán, tugadh cuireadh do bheagnach 1,000 múinteoir faoi oiliúint le bheith rannpháirteach sa phróiseas seo, agus rinne 77% díobh seo iarratas ag baint úsáide as an bpróiseas seo.

## Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána

Is riachtanas é faoi na hAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta) 2012-2016 (Acht BNG) go ndéanann an Biúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin grinnfhiosrú ar dhaoine aonair atá ag obair le leanaí agus daoine soghonta. Déanann an Chomhairle Mhúinteoireachta grinnfhiosrú na múinteoirí a riar chun críche clárúcháin agus fostaíochta.

Leasaíodh an tAcht um Chomhairle Mhúinteoireachta in 2015 chun ligean don Chomhairle Mhúinteoireachta na socruithe nua a éilítear leis an Acht BNG a chur i bhfeidhm. Leis an reachtaíocht tugadh isteach líon athruithe móra sa chaoi ina ndéantar grinnfhiosrúcháin do dhaoine atá ag obair le leanaí agus daoine soghonta. Cuireadh córas iarratais ar ghrinnfhiosrúcháin ar líne agus córas fógartha um nochtadh i bhfeidhm ar bhonn céimnitheach do mhúinteoirí agus iarratasóirí le haghaidh clárúcháin nuair a cuireadh tús leis an Acht i mí Aibreáin 2016.

Tá tionscadal ar bun anois chun tabhairt faoi ghrinnfhiosrúcháin cúlghabhálach ar bheagnach 32,000 múinteoir nach ndearnadh grinnfhiosrúcháin orthu roimhe seo agus tá sé le bheith curtha i gcrích faoi dheireadh 2017.

Chuir 27,534 múinteoir ar an iomlán an próiseas grinnfhiosrúcháin i gcrích i rith na bliana.

Éilítear ar an gComhairle measúnú a dhéanamh ar aon nochtadh grinnfhiosrúcháin i dtaobh oiriúnachta le haghaidh clárúcháin. Tháinig an Painéal Fianaise ar Charachtar le chéile ocht n-uaire agus rinneadh 18 nochtadh grinnfhiosrúcháin a mheas i dtaca le iarratasóirí le haghaidh clárúcháin agus athnuachana ar chlárúcháin. Cuireadh 187 cás breise i láthair an phainéil le daingniú i rith na bliana.

## Ombudsman

I rith na bliana tuairiscithe, fuair an Chomhairle trí fhiosrú ó Oifig an Ombudsman maidir le gearáin a chuir múinteoirí isteach i dtaobh cúrsaí clárúcháin. I ngach cás chomhoibrigh an Chomhairle go hiomlán leis an bpróiseas ag cur sonraí ar fáil faoi na nósanna imeachta agus an chumarsáid, agus ag cur soiléirithe ar fáil a bhain go díreach leis an ngearán. Tar éis gach fiosraithe, tháinig an Ombudsman ar ais le toradh gan seasamh leis agus deimhníodh próisis na Comhairle.

## 4 Feabhas a chur ar chaighdeáin a bhaineann le hiompar agus cleachtadh gairmiúil

Is í an Chomhairle Mhúinteoireachta atá freagrach as cáilíocht na múinteoireachta in Éirinn a chothabháil agus a fheabhsú trí chaighdeáin arda i ngairm na múinteoireachta a chur chun cinn agus a chinntiú. Dhá bhealach chun é seo a bhaint amach is ea trí Chód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí a fhoilsiú agus a chur chun cinn agus trí ghearáin a imscrúdú.



Leagtar amach sa [Chód Iompair Ghairmiúil](#) na caighdeáin a bhaineann le heolas gairmiúil, oilteacht, inniúlacht agus iompar a mbítear ag súil leo ó mhúinteoirí cláraithe. Is ráiteas é an Cód faoinar chóir a bheith i gceist leis an dea-theagasc agus an chuma ba chóir a bheith air. Is doiciméad reachtúil é agus úsáidtear mar phointe tagartha é nuair a bhíonn fiosrúcháin á ndéanamh i ndáil le Feidhmiúlacht chun Múineadh. Rinneadh líon athruithe ar an gCód chun tosach feidhme fheidhmeanna Feidhmiúlacht chun Múineadh a rinne an tAire Oideachais agus Scileanna in 2016 a léiriú, agus cuireadh gach múinteoir in iúl faoi na leasuithe seo.

Tugadh isteach cumhachtaí i ndáil le [Feidhmiúlacht chun Múineadh](#) na Comhairle Múinteoireachta (Cuid 5 de na hAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta 2001-2015) i mí Iúil 2016. Tá an t-údarás dlíthiúil ag an gComhairle anois gearáin a dhéantar i gcoinne múinteoirí cláraithe a imscrúdú. A luaithe agus a dhéantar gearán, cuirfidh an Chomhairle tús le himscrúdú agus déanfar cinneadh ar chóir déileáil leis trí nósanna imeachta araíonachta foirmiúla na Comhairle. Fuarthas 26 gearán ar an iomlán i rith na bliana tuairiscithe seo. Ón 27 Márta 2017, bhí 14 ghearán á meas ag an gCoiste Imscrúdaithe, agus dhiúltaigh an Coiste 12 ghearán a mheas.

San Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta (Leasú), 2015, tugadh isteach cúinsí breise inar féidir gearán a dhéanamh, lena n-áirítear drochfheidhmíocht ghairmiúil agus, i gcásanna áirithe, ciontuithe coiriúla. Féadfaidh an Chomhairle, tar éis éisteachta araíonachta, cinneadh a dhéanamh comhairle, rabhadh nó cáineadh a thabhairt don mhúinteoir i scríbhinn, coinníollacha a leagan ar chlárú an mhúinteora, nó an múinteoir a chur ar fionraí nó a bhaint den Chlár Múinteoirí. Áit a gcuirtear múinteoir ar fionraí nó má bhaintear é/i den chlár, níl sé/sí i dteideal a bheith íoctha le tuarastal atá maoinithe ag an Stát.

Molann an Chomhairle gur chóir gearáin a chur faoi bhráid scoil an mhúinteora sula gcuirtear iad faoi bhráid na Comhairle Múinteoireachta. Ach, áit a bhfuil leanbh nó duine soghonta i mbaol, ba chóir é seo a chur faoi bhráid an Gharda Síochána agus Tusla – An Ghníomhaireacht um Leanáil agus an Teaghlach. Le tosach feidhme Alt 28 den Acht Oideachais dhéanfaí soláthar do nós imeachta gearán foirmiúil ag leibhéal na scoile, le gur féidir déileáil le casaoidí nó gearáin gan dul i mban na nósanna imeachta Feidhmiúlacht chun Múineadh.

## Oiliúint

Cuireadh oiliúint fhairsing sa réimse rialála, lena n-áirítear bainistíocht cásanna agus déileáil le gearáin, ar fáil do na baill foirne den roinn Caighdeán Gairmiúla de chuid na Comhairle. Fuair baill an Choiste Imscrúdaithe, an Choiste Araíonachta agus an Choiste Fheidhmiúcháin (atá ar fad freagrach as cúrsaí a bhaineann le Feidhmiúlacht chun Múineadh) oiliúint fhairsing freisin. San áireamh anseo bhí oiliúint ar nósanna imeachta coiste, reachtaíocht rialála, cosaint leanaí agus daoine soghonta, nósanna imeachta áitiúla, oiliúint ar chásanna, treoir ar smachtbhannaí agus tuairiscí a scríobh.

## Rannpháirtíocht páirtithe leasmhara agus oideachas

Reáchtáladh líon seisiún eolais do pháirtithe leasmhara leis na comhpháirtithe oideachais iomchuí a chur ar an eolas faoi thosach feidhme, forálacha agus impleachtaí de Chuid 5 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta.

Cuireadh cuid shuntasach faoi Fheidhmiúlacht chun Múineadh le láithreán gréasáin na Comhairle, ag cur faisnéise ar fáil do ghearánaigh a d'fhéadfadh a bheith ann, do mhúinteoirí, scoileanna agus páirtithe eile maidir leis an gcaoi a n-oibríonn an próiseas.

Chuir an Chomhairle Mhúinteoireachta in iúl do gach múinteoir agus scoil/fostóir faoi thosach feidhme Feidhmiúlacht chun Múineadh agus cad a bheidh i gceist leis dóibh.

## Gearáin

Tar éis tosach feidhme Feidhmiúlacht chun Múineadh ar an 25 Iúil 2016, is féidir leis an gComhairle Mhúinteoireachta gearáin a fháil maidir le múinteoirí cláraithe.

Fuair an Chomhairle 26 gearán idir an 25 Iúil 2016 agus an 27 Márta 2017. Bhain fiche a ceathair de na gearáin le múinteoir amháin do gach ceann, agus bhí dhá ghearán ina raibh beirt mhúinteoirí i gceist i ngach gearán.

## Foinse gearán

Is féidir le duine ar bith, baill den phobal, fostóirí agus múinteoirí eile ina measc, gearán a dhéanamh faoi mhúinteoir cláraithe. Chomh maith leis sin, is féidir leis an gComhairle Mhúinteoireachta í féin gearán a dhéanamh faoi mhúinteoir cláraithe.

### I rith na tréimhse seo:

- › bhí naoi ngearán déag déanta ag tuismitheoirí
- › bhí gearán amháin déanta ag príomhoide
- › bhí gearán amháin déanta ag gníomhaireacht Stáit
- › bhí dhá ghearán déanta ag an gComhairle Mhúinteoireachta, gearán a tháinig chun súile na Comhairle de bhar na meán nó de bharr rud éigin eile agus
- › bhí trí ghearán a tháinig ó pháirtithe eile.

Bhain fiche de na gearáin le múinteoirí san earnáil bhunscoile, cúig cinn le múinteoirí san earnáil iarbhunscoile, agus bhain ceann amháin le múinteoir san earnáil bhreiseoideachais.

## Cúiseanna gearán

### Is féidir leis an gComhairle breathnú ar ghearáin ar chúiseanna éagsúla lena n-áirítear iad seo a leanas:

- › mí-iompar gairmiúil
- › drochfheidhmíocht ghairmiúil
- › ag tabhairt faoi iompar atá in aghaidh an Chóid Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí
- › gan a bheith ábalta teagasc a dhéanamh ó thaobh sláinte de
- › ciontú cúirte de bharr cionta áirithe
- › gan foráil a chomhlíonadh nó foráil a shárú de na hAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001-2015, den Acht Oideachais, 1998, den Acht (Leas) Oideachais, 2000, den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013, agus aon rialacháin, rialacha nó ordúithe faoi na hAchtanna sin
- › gan tasc a chomhlíonadh nó gan gníomh a dhéanamh atá sonraithe i dtoiliú a tugadh do phainéal Choiste Araíonachta na Comhairle ag fiosrúchán agus
- › clárú contráilte mar gheall ar dhearbhu bréagach nó calaoiseach nó mífhaisnéis.



Is iad seo a leanas líon na ngearán i ngach catagóir ó mhí Iúil 2016:

Uimh	Catagóir den ghearán
22	Iompar*
4	Inniúlacht/feidhmíocht/cleachtadh

\*San áireamh sna gearáin a bhaineann le hiompar tá mí-ionracas, macántacht ghairmiúil, an Cód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí a shárú, agus nuair a theipeann ar mhúinteoir ábhar an ghearáin a thuairisciú nó a chur in iúl don ghníomhaireacht iomchuí, e.g., An Garda Síochána, Tusla, etc.

## Cinntí an Choiste Fheidhmiúcháin

Gníomhaíonn an Coiste Feidhmiúcháin thar ceann na Comhairle Múinteoireachta i gcásanna ina bhféadfadh an Chomhairle a bheith mar an gearánach. Tar éis don Choiste Feidhmiúcháin na fógraí a bhain le múinteoirí cláraithe a mheas, cuireadh dhá cheann ar aghaidh mar ghearáin chuig an gCoiste Imscrúdaithe.

Gníomhaíonn an Coiste Feidhmiúcháin thar ceann na Comhairle le hiarratais chuig an Ard-Chúirt a mheas maidir le múinteoir a chur ar fionraí láithreach ón gClár de bhun alt 47 de na hAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta 2001-2015. Ní dhearnadh aon iarratais d'alt 47 a mheas le linn na bliana tuairiscithe.

## Cinntí an Choiste Imscrúdaithe

Nuair a fhaigheann an Chomhairle gearán, téann sé chuig Stiúrthóir na Comhairle Múinteoireachta ar dtús. Déanfaidh foireann an Stiúrthóra athbhreithniú ar an ngearán agus, ag eascairt as an athbhreithniú seo, féadfaidh an Stiúrthóir na nithe seo a leanas a dhéanamh:

1. An gearán a dhiúltú mura mbíonn sé i scríbhinn, sínithe agus in éineacht leis na doiciméid agus faisnéis chuí
2. An gearán a dhiúltú má mheastar gur gearán suaibhreasach nó cráiteach é, nó go ndearnadh é de mheon mímhacánta nó gur mí-úsáid próisis é nó
3. An gearán a chur ar aghaidh go dtí an Coiste Imscrúdaithe a dhéanfaidh an gearán a mheas.

Ó mhí Iúil 2016, rinne an Coiste Imscrúdaithe 26 gearán a mheas agus, sa tréimhse tuairiscithe, dhiúltaigh sé 12 ghearán. Bhain an chuid is mó de na gearáin a diúltaíodh le heachtraí a tharla roimh thosach feidhme na reachtaíochta Feidhmiúlacht chun Múineadh. Níor chuir an Coiste aon ghearán ar aghaidh go dtí an Coiste Araíonachta agus bhí 14 ghearán fós á meas ag an gCoiste Imscrúdaithe amhail ar an 27 Márta 2017.

## Gearáin chúlghabhálacha

I [gcásanna an-teoranta](#), tá an chumhacht ag an gComhairle gearáin a mheas a tharla roimh thosach feidhme na reachtaíochta Feidhmiúlacht chun Múineadh. Mar thoradh ar an 26 gearán a fuarthas i rith na bliana tuairiscithe, bhí 18 díobh a bhain le hiompar a tharla roimh thosach feidhme na reachtaíochta Feidhmiúlacht chun Múineadh ar an 25 Iúil 2016.

## Fiosruithe um Fheidhmiúlacht chun Múineadh

D'fhéadfadh an Coiste Imscrúdaithe gearán a chur ar aghaidh chuig an gCoiste Araíonachta le haghaidh fiosrúcháin. Sa chuid is mó de chásanna, beidh fiosrúchán ina éisteacht ó bhéal os comhair painéil den Choiste Araíonachta. Tá sé cosúil le héisteacht os comhair cúirte nó binse. Tugann finnétithe fianaise faoi mhionn.

Mar sin féin, d'fhéadfadh an painéal, ar iarratas nó le toiliú ón mhúinteoir atá mar ábhar an ghearáin, cinneadh a dhéanamh fiosrúcháin a reáchtáil agus doiciméid agus aighneachtaí i scríbhinn a scrúdú, seachas an fiosrúchán a reáchtáil san fhormaid d'éisteacht ó bhéal.

Sa chuid is mó cásanna, beidh éisteacht ó bhéal ar siúl, go háirithe sa chás ina bhfuil easaontas nó fadhb maidir leis na fíricí.

Níor reáchtáladh aon fiosrúcháin sa bhliain tuairiscithe 2016/2017.

## 5 Teagasc, foghlaim agus taighde

Tá ríthábhacht leis na caighdeáin arda a chur chun cinn ar fud an leanúntais oideachais múinteoirí d'obair na Comhairle Múinteoireachta. Tosaíonn feidhmeanna na Comhairle sa réimse seo nuair a thosaíonn múinteoir leis an oideachas tosaigh múinteoirí, agus leanann siad ar aghaidh do ghairmréim uile an mhúinteora.



### Athbhreithniú agus creidiúnú na gClár OTM

Déanann an Chomhairle athbhreithniú agus creidiúnú ar na cláir oideachais tosaigh múinteoirí lena chinntiú go bhfuil siad oiriúnach chun múinteoirí faoi oiliúint a ullmhú le dul isteach sa ghairm.

Mar chuid d'athbhreithniú agus de chreidiúnú na gclár OTM, bhí ar cheithre Institiúid Ardoideachais a chuireann cláir iarchéime OTM ar fáil tuairiscí dul chun cinn a chur isteach ag leagan amach na gcéimeanna a glacadh le hathruithe a chur i bhfeidhm sa tsraith dheireanach creidiúnaithe. Ceapadh painéal seachtach le hathbhreithniú a dhéanamh ar na tuairiscí sin agus le moltaí a dhéanamh maidir leis an stádas creidiúnaithe ar na cláir sin amach anseo. Rinne an painéal tuairiscithe ar dhul chun cinn athbhreithniú ar na ceithre aighneacht i mí na Nollag, agus ag deireadh na bliana tuairiscithe, bhí an próiseas ag dul ar aghaidh.

Iarradh ar dhá HEI tuairisc bhliantúil suas chun dáta a chur ar fáil sa réimse maidir le hacmhainní a chur ar fáil, agus chuir siad isteach an chéad cheann dá dtuairiscí bliantúla suas chun dáta ag deireadh na bliana tuairiscithe.

### Iontráil chuig OTM

Foilsíodh na torthaí den [taighde ar riachtanais iontrála](#) a choimisiúnaigh an Chomhairle Mhúinteoireachta agus a rinne an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta i mí na Samhna 2016. Sna torthaí léargais thábhachtacha sna riachtanais iontrála OTM agus nósanna imeachta iarratais, próifíl na n-iarratasóirí, agus na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann faoi na hathruithe atá molta do na critéir iontrála. Leagtar béim freisin iontu faoin saincheist éagsúlachta i ngairm na múinteoireachta mar cheann ba chóir tabhairt faoi in aon obair nua sa réimse seo. Chuir an tuarascáil le plé agus comhairle na Comhairle, a cuireadh isteach chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna lena meas.

## Measúnú ar cháilíochtaí

I gcomhréir le Treoir 2005/36/EC an AE ar an gcomhaitheantas ar cháilíochtaí (mar atá leasaithe), is é an Chomhairle Mhúinteoireachta an t-údarás inniúil in Éirinn le measúnú a dhéanamh ar iarratais le clárúcháin ó dhaoine atá aitheanta mar mhúinteoirí i dtíortha eile de chuid an AE/LEE. Ní mór d'iarratasóirí na critéir a chomhlíonadh mar atá leagtha amach i Rialacháin [Clárú] na Comhairle Múinteoireachta.

Déantar measúnú freisin ar gach iarratas le haghaidh clárúcháin ó mhúinteoirí a cháiligh lasmuigh den AE/LEE ar bhonn aonair. Fuair an Chomhairle 512 iarratas ar an iomlán le measúnú a dhéanamh ar cháilíochtaí i rith na bliana.

## Socrúchán scoile

Is é an aidhm atá ag [Treoirlínte faoi Shocrúchán Scoile](#) de chuid na Comhairle an comhoibriú idir soláthraithe na gclár OTM agus scoileanna a chur chun cinn. I rith na bliana, lean an Chomhairle ag plé le soláthraithe cláir, agus leis an Údarás um Ard-Oideachas, d'fhonn struchtúir agus córais a fhorbairt ina bhféadfaí comhoibriú níos fearr a éascú go náisiúnta i measc na soláthraithe, agus idir na soláthraithe agus na scoileanna.

D'eagraigh an Chomhairle Mhúinteoireachta Lá Comhfhoghlama maidir le socrúchán scoile i mí na Samhna 2016 le go bhféadfadh na daoine a bhí ag freastal air cleachtais nuálacha a chomhroinnt i réimse an tsocrúcháin scoile. Cuireadh na torthaí eatarahacha ón taighde a choimisiúnaigh an Chomhairle Mhúinteoireachta i láthair freisin ar an lá.

## Ionduchtú


Rinneadh Droichead, creat ionduchtúcháin comhtháite na Comhairle Múinteoireachta do mhúinteoirí nuacháilithe, a fhaomhadh i mí an Mhárta 2016 tar éis clár phíolótaigh trí bliana ar dhréacht-bheartas Droichead 2012.

Ina dhiaidh sin, mar fhreagra ar an aiseolas ó na páirtithe leasmhara agus i gcomhréir le tiomantas leanúnach na Comhairle d'athbhreithnithe tráthrialta, rinneadh líon leasuithe ar Droichead le linn na bliana tuairiscithe. D'fhoilsigh an Chomhairle an beartas athbhreithnithe, [Droichead: an Chreatlach Ionduchtúcháin Ghairmiúil Chomhtháite](#), i mí an Mhárta 2017. San áireamh sa bheartas athbhreithnithe tá na príomhathruithe seo a leanas:

- > sa bheartas athbhreithnithe leagtar amach go soiléir gur próiseas ionduchtúcháin ghairmiúil é Droichead nach ndéantar meastóireacht air
- > tá solúbthacht shuntasach sa bheartas athbhreithnithe maidir le ról na bpríomhoidí, an chaoi inar féidir leis an samhail feidhmiú i scoileanna éagsúla, méid na bhFoirne Tacaíochta Gairmiúla (FTGanna), agus an úsáid a bhaintear as ball FTG seachtarach le gníomhú mar mheantóir nuair is gá
- > déantar foráil ann nach féidir úsáid a bhaint as JobBridge ná aon scéimeanna eile atá cosúil leis chun rochtain a dhéanamh ar chlár Droichead agus
- > tá lamháil ann do chéim fáis bhreisithe.

Cuireadh torthaí phróiseas Droichead um dhearbhu cáilíochta do 2015/2016 faoi bhráid na Comhairle i mí an Mhárta 2017, agus ghlac an Chomhairle leis an tuarascáil agus tá sé ar fáil ar láithreán gréasáin na Comhairle.

Bhí an oiliúint Foirne Tacaíochta Gairmiúla curtha i gcrích ag 501 scoil ag deireadh na bliana tuairiscithe.



## Foilsíodh Cosán: An Chreatlach Náisiúnta um Fhoghlaim Múinteoirí i mí an Mhárta 2016, agus tháinig Grúpa Oibre Cosán le chéile chun an fhorbairt uirthi a threorú.

### Foghlaim múinteoirí

Foilsíodh [Cosán: An Chreatlach Náisiúnta um Fhoghlaim Múinteoirí](#) i mí an Mhárta 2016, agus tháinig Grúpa Oibre Cosán le chéile chun an fhorbairt uirthi a threorú.

Fuarthas os cionn 150 léiriú spéise sa phróiseas forbartha ó mhúinteoirí agus scoileanna i rith na bliana tuairiscithe, agus ó shin tugadh cuireadh don ghrúpa seo tuilleadh páirte a ghlacadh sa phróiseas.

### Comhairliúchán Montessori

Tugadh Rialachán Clárúcháin na Comhairle suas chun dáta i mí Iúil 2016. Tá catagóirí múinteoirí a bhí cláraithe roimhe seo faoi Rialachán 3 (Montessori agus catagóirí eile) san áireamh anois faoi Bhealach 4 atá nua.

Tar éis an athraithe seo, thug an Chomhairle faoi chomhairliúchán, inar lorgáíodh tuairimí maidir leis na bealaí inar féidir freastal go hiomchuí ar oideachas Montessori laistigh den chreatlach caighdeán a bunaíodh don OTM agus Cosán araon, an Chreatlach Náisiúnta um Fhoghlaim Múinteoirí. Bhí an comhairliúchán ar siúl idir mí Mheán Fómhair agus mí na Nollag 2016. Bhí sé cheardlann réigiúnacha agus ceistneoir ar líne san áireamh ann. D'fhreastail 103 rannpháirtí ar an iomlán ar na ceardlanna réigiúnacha agus bhí 238 freagra ar an gceistneoir. Tá [tuarascáil](#) ar an gcomhairliúchán foilsithe ar láithreán gréasáin na Comhairle.

### Taighde

I rith na bliana tuairiscithe, lean an Chomhairle lena clár taighde de [sheimineáir ghréasáin](#) agus [ríomhírísí](#). Reachtáladh seimineáir ghréasáin ar théamaí lena n-áirítear an cheannaireacht, comhoibriú, matamaitic, agus teagasc agus foghlaim thraschuraclaim.

Ag an am céanna, foilsíodh cúig ríomhírís agus scaipeadh iad ar na múinteoirí cláraithe uile agus na páirtithe leasmhara eile.

Tháinig Grúpa Rannpháirtíochta Taighde (GRT) na Comhairle le chéile faoi dhó i rith na bliana tuairiscithe. Sa ghrúpa seo tá múinteoirí agus daoine acadúla a bhfuil spéis acu cleachtóirí a mhealladh le bheith rannpháirteach i agus le cúrsaí taighde. I rith na bliana, scríobh siad ailt do líon ríomhírísí taighde.

Is féidir le gach múinteoir cláraithe rochtain saor in aisce a dhéanamh ar phacáiste Foinse Oideachais [EBSCO](#), ina bhfuil rochtain ar níos mó ná 1,800 irisleabhar. Cuireadh leis an bpacáiste le tuilleadh ríomhleabhar a bhaineann le múinteoirí na hÉireann a chur san áireamh. Rinne múinteoirí cláraithe 31,519 cuardach ar an iomlán ar EBSCO i rith na bliana tuairiscithe.

Thug an Lárionad do Sheirbhísí Éifeachtacha tacaíocht don Chomhairle ina cuid bainistíochta ar a feidhm taighde i rith na bliana.

Eagraíodh lá comhfhoghlama Research Alive! i gcomhar leis an Lárionad do Sheirbhísí Éifeachtacha agus an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta i mí an Mhárta 2017. Ag an ócáid rinne an tOllamh Carol Campbell as Ollscoil Toronto an eochairóráid maidir le feabhsú ar mhúinteoirí i mbun oideachais. Ar an lá bhí líon ceardlann agus díospóireachtaí painéil freisin, chomh maith le researchmeet ina ndearna 26 múinteoir cur i láthair.

Lainseáil an Chomhairle a [Creatlach Tacaíochta Taighde](#) ag an lá comhfhoghlama. Tá an chreatlach deartha chun tacú le foghlaim ghairmiúil leanúnach na gcleachtóirí trí thacaíocht chomhairleach agus/nó maoiniú. Ceann amháin de na cuspóirí lárnacha den Chreatlach ná iarratasóirí a spreagadh le cur chuige nuálach agus cruthaitheach a ghlacadh agus machnamh á dhéanamh ar an gcaoi inar féidir le cúrsaí taighde tacú lena gcleachtadh teagaisc féin agus cleachtadh teagaisc daoine eile.

## 6 An mhúinteoireacht mar ghairm a chur chun cinn

Déanann an Chomhairle Mhúinteoireachta cumarsáid le páirtithe leasmhara chun na ról atá aici agus na freagrachtaí atá uirthi a mhíniú, chun cur le tuiscint na bpáirtithe leasmhara ar chuspóir a cuid oibre, agus chun spreagadh a thabhairt dóibh tacú lena cuid iarrachtaí gairm na múinteoireachta a rialáil agus a chur chun cinn ar mhaithe le leas an phobail.



I rith na bliana, rinne an Chomhairle na nithe seo a leanas:

- › réachtáil sí an ceathrú **FÉILTE** bliantúil ar an Satharn, an 1 Deireadh Fómhair
- › d'eisigh sí **19 ríomhíris**, le meánráta oscailte de níos mó ná 85%
- › bhí níos mó ná **dhá mhilliún amharc** leathanaigh aici ar a láithreán gréasáin, agus bhí 55% díobh seo ó chuirteoirí nua
- › lainseáil sí leathanach **nua Facebook de chuid na Comhairle Múinteoireachta**
- › mhéadaigh sí a leanúnaithe Twitter faoi bheagnach **3,500**
- › d'fhreastail sí ar líon comhdhálacha, seimineár agus cruinnithe oideachais, agus
- › chas sí le mic léinn oideachas múinteoirí sa bhliain deiridh in **16 institiúid ardoideachais** (HEIanna).



## Caidreamh leis na meáin

Mar chuid dá straitéis chun an ghairm a chur chun cinn agus chun tuiscint ar obair na Comhairle a mhéadú, déanann an Chomhairle teagmháil réamhghníomhach leis na meáin chumarsáide agus tugann sí freagra ar cheisteanna ó na meáin. I rith na bliana, eisíodh preasráitis agus foilsíodh ailt a bhain le raon ábhar, lena n-áirítear FÉILTE, tosach feidhme na socrúithe ríomh-ghrinnfhiosrúcháin nua, athainmniú Rialachán 3 (Montessori agus catagóirí eile), tosach feidhme d’Fheidhmiúlacht chun Múineadh agus Iainseáil Chreatlach Tacaíochta Taighde de chuid na Comhairle.

## FÉILTE

Bhí **FÉILTE** 2016 ar siúl Dé Sathairn, an 1 Deireadh Fómhair, san RDS, Baile Átha Cliath. Bhí níos mó ná 1,000 múinteoir agus ball den phobal rannpháirteach ag an ócáid, idir bheith ag freastal ar an láthair agus ag breathnú uirthi ar líne. Téama na féile a bhí deimhnithe ná “An Teagasc a Chomhroinnt – An Fhoghlaim a Chónascadh”.

Léirigh caoga sárthaispeántas agus ceardlann, ina raibh raon leathan tionscadal ón earnáil oideachais uile, an nuálaíocht atá ag tarlú sa teagasc agus san fhoghlaim i scoileanna ar fud na tíre.

Is é an t-iarmhúinteoir agus cóitseálaí reatha na hÉireann Joe Schmidt a thug an eochairóráid, agus bhí díospóireachtaí painéil ann ar an lá faoi chathaoirleacht an chraoltóra Keelin Shanley. Bhí trí dhíospóireacht painéil ar an lá a chlúdaigh: ról tuismitheoirí in oideachas a leanaí; úsáid na teicneolaíochta i gcúrsaí oideachais; agus, an fholláine do mhúinteoirí agus daoine óga. Labhair an tAire Oideachais agus Scileanna Richard Bruton TD ag an ócáid, agus thug sé cuairt ar shárthaispeántais éagsúla.

## Soláthar Múinteoirí

Rinne an Stiúirthóir cur i láthair ag comhdháil a d’eagraigh Cumann Náisiúnta na bPríomhoidí agus Príomhoidí Tánaisteacha (NAPD) maidir le soláthar múinteoirí d’iarbhunscoileanna trí Ghaeilge i mí Mheán Fómhair 2016. Leagadh béim ar na riachtanais ar leith den earnáil seo ag an gcomhdháil, ós rud é go bhfuil ní hamháin, na leibhéil eolais agus scileanna cuí riachtanach chun na hábhair a theagasc, ach go bhfuil an inniúlacht theangeolaíoch riachtanach freisin chun iad a theagasc trí Ghaeilge.

Nótáil an Chomhairle amhail ag deireadh na bliana tuairiscithe, go raibh tuarascáil deiridh an Ghrúpa Oibre Theicniúil maidir le soláthar múinteoirí, *Striking the Balance*, fós leis an Roinn.

## Páipéir agus foilseacháin

Mar chuid den obair leanúnach le gairm na múinteoireachta a chur chun cinn, cuireann Stiúirthóir na Comhairle páipéir i láthair go minic maidir le saincheisteanna a bhaineann le hobair na Comhairle. I rith na bliana, cuireadh páipéir i láthair maidir le spás a dhéanamh don duine sa ghairm agus ar Droichead.

Is féidir teacht orthu seo agus ar pháipéir eile ar [láithreán gréasáin na Comhairle](#) agus [tá siad scaipthe trí Twitter agus ríomhirsí](#).

### Cuir an Chomhairle líon doiciméad ar fáil i rith na bliana, lena n-áirítear iad seo a leanas:

- > Tuarascáil Bhliantúil 2015/16
- > Lámhleabhar Clárúcháin 2016/17 agus
- > Na Nósanna Imeachta agus Critéir Ghairmiúla Iarcháilíochta.

### Cuireadh líon doiciméad ar fáil freisin a bhaineann le Feidhmiúlacht chun Múineadh, lena n-áirítear iad seo a leanas:

- > conas gearán a dhéanamh faoi mhúinteoir cláraithe
- > cad atá le déanamh má dhéantar gearán fút
- > gearáin faoi mhúinteoirí cláraithe; eolas d'fhinnéithe ag éisteachtaí os comhair painéil choiste araíonachta agus
- > an dara heagrán den Chód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí.

### Is iad seo a leanas ráitis a rinne an Chomhairle i rith na bliana tuairiscithe:

- > Aibreán 2016: [Ráiteas na Comhairle Múinteoireachta faoi iontrálaithe nuacháilithe i ngairm na múinteoireachta](#)
- > Bealtaine 2016: [Ráiteas na Comhairle maidir le athainmniú Rialachán 3](#)
- > Iúil 2016: [Tosach Feidhme de Chuid 5 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta](#)
- > Deireadh Fómhair 2016: [Fógra maidir le JobBridge agus Promhadh](#)
- > Deireadh Fómhair 2016: [Athbhreithniú ar pholasaí Droichead](#)
- > Márta 2017: [Ráiteas na Comhairle Múinteoireachta maidir le Droichead](#).

## Múinteoirí faoi oiliúint a chur ar an eolas faoin gComhairle Mhúinteoireachta

Thug an Chomhairle cuairt ar mhúinteoirí sa bhliain deiridh dá gcuid staidéar in 16 institiúid ardoideachais (HEIanna) i rith na bliana tuairiscithe.

I rith na chéad chuairte, thug an Chomhairle léargas ginearálta maidir lena ról, agus tagairt ar leith do leanúnatas oideachas múinteoirí, agus aistriú na mac léinn atá ar tí tarlú chuig an gcéim ionduchtúcháin dá n-aistear foghlama. Rinneadh an cur i láthair seo i gcomhar le pearsanra ón gClár Náisiúnta Ionduchtúcháin do Mhúinteoirí (CNIM).

I rith na dara cuairte, mhínigh an Chomhairle an próiseas clárúcháin. Cuireann an Chomhairle pacáiste do mhúinteoirí nuacháilithe ar fáil ina bhfuil gach rud atá de dhíth ar na múinteoirí maidir le heolas faoina gclárúcháin gairmiúil leis an gComhairle Mhúinteoireachta.

## Láithreán Gréasáin

Bhí os cionn dhá mhiliún cuairt leathanaigh ar [láithreán gréasáin](#) na Comhairle le linn na bliana tuairiscithe, agus ba chuariteoirí nua iad beagnach 55% díobh seo.

## Gaeilge

Déanann an Chomhairle foráil ar leith chun a seirbhísí a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge, faoi threoir fhorálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003. I rith na bliana, rinne an Chomhairle deimhin de gur fhreagair duine a labhair Gaeilge gach píosa cumarsáide a fuarthas as Gaeilge, ar ríomhphost, sa phost nó ar an nguthán. Cuireadh an chuid is mó d'fhoilseacháin agus ríomhirisí na Comhairle ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla araon.

## Saoráil Faisnéise

Tá an Chomhairle faoi réir fhorálacha an Achte um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus an Achte um Shaoráil Faisnéise (Leasú), 2014. Fuair an Chomhairle 13 iarratas faoi Shaoráil Faisnéise (FOI) i rith na bliana.

# 7 Eagraíocht éifeachtúil agus éifeachtach a fhorbairt agus a chothabháil

An aidhm atá ag an gComhairle Mhúinteoireachta ná eagraíocht éifeachtúil agus éifeachtach a réachtáil.



## Airgeadas

Caiteachas na Comhairle i mbliain airgeadais 2016 ba ea €6.96m, méadú faoi €1.38m thar an mbliain roimhe. Tharla an méadú seo mar gheall ar na nithe seo a leanas:

- > costais mhéadaithe de líon foirne agus seirbhísí bainistithe de bharr méadú i líon na cumarsáide le múinteoirí agus feidhmeanna breise
- > costais postais bhreise (grinnfhiosrúchán)
- > méadú i sparánachtaí Droichead agus
- > costais toghcháin.

Ioncam na Comhairle (glan de cháin agus ús san áireamh) ba ea €6.54m (méadú de €0.21m thar 2015). Léirítear leis an méadú san ioncam an fás sa Chlár Múinteoirí.

De bharr timpeallachta ina bhfuil ráta úis íseal, rinne an Chomhairle athbhreithniú ar a beartas infheistíochta ionas go bhféadfadh an Coiste Airgeadais breathnú ar tháirgí infheistíochta eile ina bhfuil riosca íseal ag baint leo mar bhealach le cistí a chumhdach.

Díríodh ar an soláthar mar réimse le feabhsú le linn na bliana tuairiscithe. Tá clár conarthaí curtha i bhfeidhm, agus baineadh úsáid as líon de chomhaontuithe creatlaí a d'éagraigh an Oifig um Sholáthar Rialtais (OGP).



## Acmhainní daonna

Tá feidhm seirbhísí bhainistithe fós mar ghné thábhachtach den Chomhairle le hacmhainní a chur ar fáil, a sholáthraíonn seirbhís teileafóin ar feadh an lae agus tacaíocht riaracháin tosaigh. Bhí sé seo an-suntasach ionas go bhféadfadh an Chomhairle déileáil le líon na nglanna agus ríomhphost atá ag méadú, go háirithe iad siúd a bhaineann le cúrsaí grinnfhiosrúcháin.

## Ceapachán na Comhairle

Cheap an tAire Oideachais agus Scileanna comhaltaí ar an gComhairle Mhúinteoireachta ar an 7 Aibreán 2016. Tá 37 comhalta ag an gComhairle agus is múinteoirí cláraithe iad 16 díobh a thoghann múinteoirí.

Tharla na ceapacháin tar éis toghcháin a bhí ar siúl i rith mhí Feabhra agus mhí an Mhárta, agus ainmniúchán comhaltaí a rinne na comhlachtaí atá ainmnithe sna hAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001-2015. San áireamh sna comhlachtaí ainmniúcháin tá na HEIanna, ceardchumann na múinteoirí, bainistíocht scoile, comhairlí tuismitheoirí, Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC) agus Comhdháil na gCeardchumann (ICTU), chomh maith leis an comhaltaí atá ceaptha ag an Aire.

## Teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide

Rinneadh athbhreithniú ar shlándáil na teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC) agus réitíodh láithreach na príomhfhadhbanna ar leagadh béim orthu.

Leanadh le cur i bhfeidhm Straitéis TF 2015 – 2020 i rith na bliana tuairiscithe agus rinneadh an-dul chun cinn sa réimse téarnaimh tubaistí agus pleanáil leanúnachais i gcúrsaí gnó.

Cuireadh seirbhís tacaíochta bhainistithe i bhfeidhm chun cur leis na hacmhainní ball foirne TF teoranta atá ar fáil.

## Rialachas Corparáideach

Tháinig an Cód Cleachtas do Rialachas na gComhlachtaí Stáit i bhfeidhm ar an 1 Meán Fómhair 2016 agus tá an Chomhairle ag obair i dtreo é a chomhlíonadh go hiomlán.

## Cosaint sonraí

Rinneadh athbhreithniú ar nósanna imeachta um chosaint sonraí na Comhairle.

## Nochtuithe Cosanta

Tháinig an tAcht um Nochtuithe Cosanta 2014 i bhfeidhm ar an 15 Iúil 2014. Is é atá i gceist leis an Acht ná creatlach reachtúil a chur ar fáil inar féidir le oibrithe ábhair inmí maidir le héagóir a thug siad suntas di san ionad oibre agus iad ar an eolas gur féidir leo leas a bhaint as cosaintí fostaíochta agus cosaintí eile suntasacha má chuireann a bhfostóir pionós orthu nó má fhulaingíonn siad aon dochar mar gheall ar a leithéid a dhéanamh.

Faoin reachtaíocht éilítear ar an gComhairle beartas a chur i bhfeidhm do ‘oibrithe’ a thagann faoi shainchúram díreach na Comhairle, agus beartas um nochtadh cosanta d’oibrithe/fostaithe d’eagraíochtaí eile maidir le cúrsaí a thagann faoi shainchúram an Achta um Chomhairle Mhúinteoireachta. D’fhaomh an Chomhairle a beartas um nochtadh cosanta i rith na bliana tuairiscithe.

## **Tá feidhm seirbhísí bhainistithe fós mar ghné thábhachtach den Chomhairle le hacmhainní a chur ar fáil, a sholáthraíonn seirbhís teileafóin ar feadh an lae agus tacaíocht riaracháin tosaigh.**

Bhí sé seo an-suntasach ionas go bhféadfadh an Chomhairle déileáil le líon na nglanna agus ríomhphost atá ag méadú, go háirithe iad siúd a bhaineann le cúrsaí grinnfhiosrúcháin.



# Aguisíní

<b>Aguisín 1</b>	Na Ráitis Airgeadais	28
<b>Aguisín 2</b>	Comhaltaí na Comhairle Múinteoireachta	43
<b>Aguisín 3</b>	Coistí agus painéil	44
<b>Aguisín 4</b>	Costais chomhaltaí na Comhairle 2016	48

# Aguisín 1

## An Chomhairle Mhúinteoireachta Na Ráitis Airgeadais

don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016

### Cathaoirleach:

- > **Gerry Quinn**  
*(tofa ar an 12 Aibreán 2016)*
- > **Micheál Ó Gríofa**  
*(téarma oifige curtha i gcrích ar an 27 Márta 2016)*

### Leaschathaoirleach:

- > **Seán McMahon**  
*(tofa ar an 12 Aibreán 2016)*
- > **Bernie Ruane**  
*(téarma oifige curtha i gcrích ar an 27 Márta 2016)*

### Comhaltaí na Comhairle:

#### Ón 04 Aibreán 2016

- > Elizabeth Cooney
- > An tUrramach an Dr Tom Deenihan *(imithe ar scor ar an 27 Meitheamh 2016)*
- > Michael Delargey
- > Karen Devine
- > Catherine Doolan
- > Niall Duddy
- > Patricia Duffy
- > Peter Finnegan *(ceaptha ar an 4 Deireadh Fómhair 2016)*
- > An Dr Mary Fleming
- > Pat Gilmore
- > Mairéad Glynn
- > Colm Harte
- > John Holian
- > Declan Kelleher
- > Ferdia Kelly
- > Gregor Kerr
- > Martin Lally *(ceaptha ar an 31 Bealtaine 2016)*
- > Máire Lineen
- > Áine Lynch
- > Denis Magner
- > Claire Markey
- > Paul Mooney
- > Noelle Moran
- > Yvonne Ní Mhurchu
- > Seamus Mulconry *(ceaptha ar an 11 Iúil 2016)*
- > Deirdre O'Connor
- > Séamus O'Connor
- > An tOll. Pádraig Ó Duibhir *(ceaptha ar an 31 Bealtaine 2016)*
- > Seamus Ó Fearraigh
- > An tOll. Anne O'Gara *(ceaptha ar an 31 Bealtaine 2016)*
- > Seán O'Neill
- > An tOll. Mary O'Sullivan
- > Eamonn Shaughnessy
- > Tracie Tobin
- > Frank Turpin

#### Go dtí an 27 Márta 2016

- > Michael Barry
- > Noel Buckley
- > Kieran Christie
- > An Dr Marie Clarke
- > Eimear Cole
- > John Conlon
- > Lily Cronin
- > Derbhile de Paor
- > Elaine Devlin
- > An Dr Ken Fennelly
- > Eileen Flynn
- > An tOll. Michael Hayes
- > Marie Humphries
- > Declan Kelleher
- > Mary Kelly
- > Áine Lynch
- > Christopher Maginn
- > Deirdre Mathews
- > Brendan McCabe
- > Fergal McCarthy
- > Anne McElduff
- > An Dr Andrew McGrady
- > Marie McLoughlin
- > Patrick McVicar
- > Dympna Mulkerrins
- > Bríd Ní Raghallaigh
- > Diarmuid Ó Murchú
- > Kathleen O'Connor
- > An Dr Joe O'Hara
- > Bernadine O'Sullivan
- > Eleanor Petrie
- > Don Ryan
- > Joan Russell
- > Frank Turpin
- > Milo Walsh

## Iniúcháirí

Anne Brady McQuillans DFK  
Cuntasóirí Cairte  
& Iniúcháirí Cláraithe  
Cúirt Uíbh Eachach  
Bóthar Fhearchair  
Baile Átha Cliath 2

## Seoladh Gnó

Bloc A  
Campas Gnó Mhaigh Nuad  
Maigh Nuad  
Co. Chill Dara

## Baincéirí

Banc na hÉireann  
An Phríomhshráid  
Maigh Nuad  
Co. Chill Dara

Banc AIB plc  
An Phríomhshráid  
Maigh Nuad  
Co. Chill Dara

## Aturnaetha

McDowell Purcell Partnership  
Aturnaetha  
Foirgneamh Chéipil  
Mainistir Mhuire, Baile Átha Cliath 7

Arthur Cox  
Aturnaetha  
Ionad Phort an Iarla  
Ardán an Iarla, Baile Átha Cliath 2

## Clár an Ábhair

Tuairisc na Comhairle	30
Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Comhairle	31
Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais	32
Tuairisc na nIniúcháirí Neamhspleácha	33
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	34
Clár Comhardaithe	36
Ráiteas ar Shreabhadh Airgid Thirim	37
Nótaí a Ghabhann leis na Ráitis Airgeadais	38



## Tuairisc na Comhairle

Cuireann an Chomhairle a tuairisc mar aon leis na ráitis airgeadais i láthair don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016. Bunaíodh An Chomhairle Mhúinteoireachta (The Teaching Council) ar bhonn reachtúil ar an 28 Márta 2006 de réir an Achta um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001.

### Príomhghníomhaíocht agus Athbhreithniú ar an nGnó

Is é príomhghníomhaíocht na Comhairle Múinteoireachta gairm na múinteoireachta a chur chun cinn ag leibhéal na bunscoile agus na hiarbhunscoile, forbairt ghairmiúil múinteoirí a chur chun cinn, agus caighdeán i ngairm na múinteoireachta a rialú.

Níor tháinig aon athrú suntasach ar na gníomhaíochtaí sin i rith na bliana dar chríoch 31 Nollaig 2016.

### Príomhrioscaí agus Neamhchinnteachtaí

Rinne an Chomhairle measúnú ar na rioscaí seo a leanas agus tá na bearta seo a leanas curtha i gcrích acu chun na rioscaí seo a bhainistiú sa Chomhairle Mhúinteoireachta, mar seo a leanas:

#### *Cur i bhfeidhm na bhfeidhmeanna a bhfuil tús curtha leo*

Cuireadh tús le feidhmeanna na Comhairle maidir le hionduchtú agus promhadh i mí Mheán Fómhair 2101, agus cuireadh tús leis na feidhmeanna sin a bhain le Feidhmiúlacht chun Múineadh i mí Iúil 2016. Tá tábhacht le hacmhainní a chur ar fáil dóibh agus le tacaíocht na bpáirtithe leasmhara a fháil dóibh le go mbeifí in ann iad a chur i bhfeidhm go leanúnach. Leanfaidh an Chomhairle i mbun caidrimh leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, agus leis na páirtithe leasmhara, maidir leis na cúrsaí seo.

Mar gheall ar thosach feidhme Chuid 5 (Feidhmiúlacht chun Múineadh) tá méadú ar an mbaol go mbeidh cásanna dlí ann i gcoinne chinntí na Comhairle. Tá an Chomhairle ag fáil comhairle dlí go fóill maidir leis seo agus le gnéithe eile dá cuid oibre leis an mbaol sin a laghdú.

#### *Eilimintí den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 nach bhfuil tús curtha lena bhfeidhm*

Níor cuireadh tús le hAlt 39 (Foghlaim Múinteoirí/FGL) den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta. Chuir an Chomhairle in iúl don Roinn Oideachais agus Scileanna go bhfuil tús á chur aici le próiseas forbartha do Cosán, an chreatlach náisiúnta um fhoghlaim múinteoirí, atá le bheith curtha i gcrích in 2020.

### Torthaí

Ba é (easnamh)/barrachas na bliana don bhliain tar éis dímheas agus cánachas a chur san áireamh €(412,567) (2015: €745,128).

### Forbairtí sa Todhchaí

Tá sé beartaithe ag an gComhairle leanúint ar aghaidh lena cuid gníomhaíochtaí reatha. Tá tús curtha ag an gComhairle le próiseas forbartha do Cosán, an chreatlach náisiúnta um fhoghlaim múinteoirí, atá le bheith curtha i gcrích in 2020.

### Leabhair Chuntais

De réir Alt 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, tá sé de fhreagracht ar an gComhairle leabhair chui chuntais a choimeád a chuirfidh i bhfios go réasúnta cruinn, tráth ar bith, cad í staid airgeadais na heagraíochta. Tá an Chomhairle freagrach freisin as sócmhainní na heagraíochta a chosaint agus as bearta cuí a chur i bhfeidhm chun calaois nó mírialtachtaí eile a bhrath agus a sheachaint dá réir sin. Déantar leabhair chuntais na Comhairle Múinteoireachta a chothabháil ag Campas Gnó Mhaigh Nuad, Maigh Nuad, Co Chill Dara.

### Na hIniúcháirí

Tá sé curtha in iúl ag na hIniúcháirí, Anne Brady McQuillans DFK, go bhfuil siad sásta leanúint in oifig.

### Imeachtaí i ndiaidh Dháta an Chláir Chomhardaithe

Ní raibh aon imthosca ann ná níor tharla aon imeachtaí i ndiaidh dheireadh na bliana a fhágann gur gá na ráitis airgeadais nó na nótaí a ghabhann leo a choigeartú, nó gur gá iad a nochtadh sna ráitis nó sna nótaí sin.

### Íocaíocht le Creidiúnaithe

Aithníonn Comhaltáí na Comhairle an fhreagracht atá orthu lena chinntiú go gcomhlíonann sí forálacha Rialachán an CE (Íocaíocht Dhéanach) 2002. Is é polasaí na Comhairle Múinteoireachta téarmaí íocaíochta a chomhaontú leis na soláthraithe uile agus cloí leis na téarmaí íocaíochta sin.

Thar ceann na Comhairle

**Gerry Quinn**

Cathaoirleach

8 Bealtaine 2017

**Tomás Ó Ruairc**

Stiúrthóir

8 Bealtaine 2017

## Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Comhairle i leith na Ráiteas Airgeadais

Is ar an gComhairle atá an fhreagracht as an Tuarascáil Bhliantúil agus na Ráitis Airgeadais a ullmhú de réir dhlí infheidhme na hÉireann, lena n-áirítear Alt 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 agus de réir an Chleachtais Chuntasaíochta a bhfuil Glacadh Coitianta leis in Éirinn (na caighdeáin chuntasaíochta arna n-eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais agus arna chur i bhfeidhm ag Institiúid Cuntasóirí Cairte na hÉireann).

De réir dhlí na hÉireann, lena n-áirítear Alt 18(2) den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, ní mór don Chomhairle ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais ina ndéantar cur síos fíor cothrom ar staid ghnóthaí na heagraíochta don tréimhse sin.

Tá sé de dhuilgas ar an gComhairle agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú aici:

- › beartais chuí chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta
- › breithiúnais agus meastacháin réasúnta, stuama a dhéanamh
- › a lua ar leanadh caighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe, faoi réir aon imeacht ábhartha a bheidh nochta agus mínithe sna ráitis airgeadais agus
- › na cuntais airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin dá mbeadh sé míchuí a thiomhdiú go leanfadh an eagraíocht leis an ngnó.

Dearbhaíonn an Chomhairle gur chloígh sí leis na riachtanais thuasluaite agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú aici.

Tá sé de fhreagracht ar an gComhairle leabhair chuí chuntais a choimeád a chuirfidh i bhfios go réasúnta cruinn, tráth ar bith, cad í staid airgeadais na heagraíochta agus a chuirfidh ar a cumas a dheimhniú go ndéantar na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an chleachtais chuntasaíochta a bhfuil glacadh coitianta leis in Éirinn agus de réir Dhlí na hÉireann lena n-áirítear Alt 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001.

Tá an Chomhairle freagrach as sócmhainní na heagraíochta a chosaint agus as na bearta cuí a chur i bhfeidhm chun calaois nó mírialtachtaí eile a bhrath agus a sheachaint dá réir sin.

Tá an Chomhairle freagrach as an suíomh gréasáin a chothabháil agus a choinneáil slán. Féadfaidh reachtaíocht Phoblacht na hÉireann i ndáil le ráitis airgeadais a ullmhú agus a scaipeadh a bheith éagsúil ón reachtaíocht i ndlínsí eile.

Thar ceann na Comhairle

**Gerry Quinn**  
*Cathaoirleach*

8 Bealtaine 2017

**Tomás Ó Ruairc**  
*Stiúrthóir*

8 Bealtaine 2017

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

1. Thar ceann na Comhairle Múinteoireachta, aithním an fhreagracht atá orainn as a dheimhniú go ndéantar córas éifeachtúil de rialú inmheánach airgeadais a chothabháil agus a chur i bhfeidhm.
2. Ní féidir leis an gcóras ach deimhniú réasúnach, seachas deimhniú iomlán, a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcosaint, go bhfuil idirbhearta á n-údarú agus á dtaifeadadh go cuí, agus go bhfuil cosc á cur ar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha nó go dtiocfaí orthu in am trátha.
3. Chuir an Chomhairle na nósanna imeachta seo a leanas i bhfeidhm atá deartha chun rialú inmheánach airgeadais éifeachtach a sholáthar:
  - a) déantar cinnte go gcothaítear timpeallacht rialaithe chuí trí chúraimí bainistíochta a shainiú go soiléir, mar aon le nósanna imeachta chun teipeanna rialaithe a aithint agus chun freagairt dóibh.
  - b) tá próiseas foirmiúil i bhfeidhm chun rioscaí gnó eagraíochtúla a aithint agus a mheas.
  - c) úsáidtear córas cuimsitheach pleanála agus buiséadaithe agus déantar athbhreithniú míosúil ar threochtaí caiteachais.
  - d) tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar impleachtaí airgeadais mór-rioscaí gnó, lena n-áirítear treoracha airgeadais agus nótaí faoi nósanna imeachta, cleachtais tarmhigin cosúil le huasteorainneacha údarúcháin arna gceadú ag an gComhairle agus dualgais a bhaineann le híocaíochtaí a phróiseáil a choinneáil deighilte ó dhualgais a bhaineann le híocaíochtaí a fhaomhadh.
  - e) tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht an rialaithe inmheánaigh airgeadais, lena n-áirítear feidhm iniúchta inmheánaigh a fheidhmíonn de réir an Chóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit agus a thuairiscíonn don Choiste Iniúcháireachta..
4. Tugann obair fhoireann bainistíochta na Comhairle Múinteoireachta, ar a bhfuil an fhreagracht as an gcóras bainistíochta airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil, obair na n-iniúcháirí inmheánacha agus an Choiste Iniúcháireachta agus na tuairimí a chuireann na hiniúcháirí seachtracha in iúl sa litir bhainistíochta agus sna tuairiscí uathu treoir don fhaireachán agus don athbhreithniú a dhéanann an Chomhairle ar an gcóras de rialú inmheánach airgeadais.
5. Rinneadh athbhreithniú foirmiúil ar na rialuithe inmheánacha airgeadais sa bhliain 2016.

Thar ceann na Comhairle

**Gerry Quinn**

*Cathaoirleach*

8 Bealtaine 2017



# Tuairisc na nIníúcháirí Neamhspleácha Do Chomhaltaí Comhairle na Comhairle Múinteoireachta

Rinneamar iniúchadh ar ráitis airgeadais na Comhairle Múinteoireachta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016, arb ionann iad agus an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid Thirim agus na nótaí a ghabhann leo. Is é an chreatlach chuí um thuairisciú airgeadais a cuireadh i bhfeidhm agus iad á n-ullmhú ná Cleachtais Chuntasaíochta a bhfuil Glacadh Coitianta Leo in Éirinn (lena n-áirítear FRS 102 den Chaighdeán um Thuairisciú Airgeadais atá i bhfeidhm sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann a d'eisigh an Chomhairle um Thuairisciú Airgeadais agus atá curtha i bhfeidhm ag Institiúid Cuntasóirí Cairte na hÉireann).

Cuirtear an tuairisc seo faoi bhráid Chomhaltaí na Comhairle, mar chomhlacht, de réir Alt 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001. Gabhadh don obair iniúcháireachta le gur féidir na nithe is gá a lua do na comhaltaí a chur in iúl dóibh i dtuairisc an iniúcháora agus ní ar mhaithe le haon ní eile. A mhéad is mó a cheadaítear de réir an dlí, ní ghlacaimid ná ní ghéillimid freagracht i leith aon duine seachas an eagraíocht agus comhaltaí na Comhairle mar chomhlacht, as an obair iniúcháireachta, as an tuairisc seo nó as an tuairim a thugaimid.

## Freagrachtaí ar leith na Comhairle agus na nIníúcháirí

Déantar freagrachtaí na Comhairle maidir le tuairisc agus ráitis airgeadais na Comhairle a ullmhú de réir dhlí infheidhme na hÉireann, lena n-áirítear Alt 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, agus de réir na gcaighdeán cuntasaíochta arna n-eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais (an Cleachtas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh Coitianta leis in Éirinn) a leagan amach sa Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Comhairle.

Is é an dualgas atá orainn na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir na gceanglas ábhartha dlíthiúil agus rialála agus de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (an Ríocht Aontaithe agus Éire). De réir na gcaighdeán sin, ní foláir dúinn na Caighdeán Eiticíúla d'Iniúcháirí de chuid an Bhoird um Chleachtais Iniúcháireachta a chomhlíonadh.

## Scóip Feidhme Iniúchadh na ráiteas airgeadais

Is é atá i gceist le hiniúchadh ná fianaise a fháil maidir le méideanna agus nochtadh sna ráitis airgeadais atá leordhóthanach d'fhonn dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhírítis ábhartha, bíodh sin de bharr calaoise nó earráide. Clúdaíonn sé seo measúnú ar na nithe seo a leanas: cibé an bhfuil na polasaithe cuntasaíochta i comhréir le cúinsí na Comhairle agus ar cuireadh i bhfeidhm iad go leanúnach agus an ndearnadh iad a nochtadh mar is cuí; réasúntacht meastachán cuntasaíochta suntasacha atá déanta ag comhaltaí na Comhairle; agus cur i láthair na ráiteas airgeadais ar an iomlán agus aon fhaisnéis ar léir atá mícheart ó thaobh ábhair de bunaithe ar an eolas, nó nach bhfuil ag teacht leis an eolas ó thaobh ábhair de, a fuairamar le linn na tréimhse leis an iniúchadh a dhéanamh. Chomh maith leis sin, tá an fhaisnéis airgeadais agus neamhairgeadais uile i dtuairisc Chomhaltaí na Comhairle léite againn chun na neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a shainathint agus chun aon fhaisnéis a aithint ar léir atá mícheart ó thaobh ábhair de bunaithe ar an eolas, nó nach bhfuil ag teacht leis an eolas ó thaobh ábhair de, a fuairamar le linn na tréimhse leis an iniúchadh a dhéanamh. Má thagaimid ar an eolas faoi aon mhírítis nó neamhréireachtaí ábhartha déanaimid na himpleachtaí dár dtuairisc a mheas.

## An Tuairim

Is é an tuairim atá againn i leith na ráiteas airgeadais:

- > go dtugtar léargas fíor cothrom iontu, de réir an Chleachtais Chuntasaíochta a bhfuil Glacadh Coitianta leis in Éirinn, ar staid ghnóthaí na Comhairle amhail an 31 Nollaig, 2016 agus ar a cuid torthaí don bhliain dar chríoch an lá sin, agus
- > gur ullmhaíodh mar is cuí iad de réir cheanglais Dhlí na hÉireann, lena n-áirítear Alt 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001.

Fuairamar gach píosa faisnéise agus gach míniú a mheasamar a raibh gá leis chun críche an iniúchta. Is é an tuairim atá againn gur choimeád an eagraíocht leabhair chuntais chuí. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Is é an tuairim atá againn go dtagann an fhaisnéis a thugtar i dtuairisc na Comhairle leis na ráitis airgeadais.

## Natalie Kelly

ar son agus thar ceann

## Anne Brady McQuillans DFK

*Cuntasóirí Cairte agus Iniúcháirí Cláraithe  
Cúirt Uíbh Eachach, Bóthar Fhearchair, Baile Átha Cliath 2*

8 Bealtaine 2017

# Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016

	Nótaí	2016 €	2015 €
<b>Ioncam</b>			
Táillí Clárúcháin agus Measúnaithe		6,409,769	6,150,734
Táillí Creidiúnaithe		200	46,690
Táillí Creidiúnaithe		110,176	76,422
<b>Ioncam Iomlán</b>	<b>2</b>	<b>6,520,145</b>	<b>6,273,846</b>
<b>Caiteachas</b>			
Costais Chóiríochta		(119,434)	(119,284)
Costais Foirne		(3,632,951)	(2,983,904)
Costais Riaracháin Eile		(1,253,337)	(1,032,363)
Costais Chúrsaí, Chomhdhálacha agus Chruinnithe		(196,301)	(197,147)
Costais Chlárúcháin agus Fíorúcháin		(79,013)	(72,650)
Costais Teicneolaíochta Faisnéise		(315,293)	(234,153)
Costais Chumarsáide agus Oideachais		(954,713)	(644,412)
<b>Dímheas</b>	<b>7</b>	<b>(406,320)</b>	<b>(297,088)</b>
<b>Caiteachas Iomlán</b>		<b>(6,957,362)</b>	<b>(5,581,001)</b>
Ús Infhaighte agus Ioncam dá Shamhail		41,780	88,615
<b>(Easnamh) / Barrachas ar Ghníomhaíochtaí roimh Chánachas</b>	<b>3</b>	<b>(395,437)</b>	<b>781,460</b>
<b>Cánachas</b>	<b>6</b>	<b>(17,130)</b>	<b>(36,332)</b>
<b>(Easnamh) / Barrachas ar Ghníomhaíochtaí tar éis cánachais</b>		<b>(412,567)</b>	<b>745,128</b>

# Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016

Níl aon bharrachas ná easnamh aitheanta seachas an toradh do na tréimhsí airgeadais thuasluaite. D'éascair toradh na bliana go hiomlán as gnóthaí leantacha.

Is dlúthchuid de na ráitis airgeadais seo na nótaí ar leathanaigh 11 go 20.

D'fhaomh an Chomhairle na ráitis airgeadais an **8 Bealtaine 2017** agus síníodh iad thar a ceann ag:

**Gerry Quinn**  
*Cathaoirleach*

**Tomás Ó Ruairc**  
*Stiúrthóir*

# An Clár Comhardaithe

amhail an 31 Nollaig 2016

	Nótaí	€	2016 €	2015 €
<b>Sócmhainní Seasta</b>				
Sócmhainní inláimhsithe	<b>7</b>		5,057,507	5,341,855
Infheistíochtaí	<b>8</b>		-	10,014
			<u>5,057,507</u>	<u>5,351,869</u>
<b>Sócmhainní Reatha</b>				
Féichiúnaithe	<b>9</b>	10,797		59,652
Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh		12,846,959		12,939,364
		<u>12,857,756</u>		<u>12,999,016</u>
<b>Creidiúnaithe: Méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin</b>	<b>10</b>		<u>(117,185)</u>	<u>(140,240)</u>
<b>Glansócmhainní Reatha</b>			<u>12,740,571</u>	<u>12,858,776</u>
<b>Iomlán na Sócmhainní Lúide Dliteanais Reatha</b>			<u>17,798,078</u>	<u>18,210,645</u>
<b>Cúlchistí</b>				
Cúlchiste Ainmnithe	<b>11</b>		4,000,000	4,000,000
Cúlchistí Ginearálta	<b>11</b>		13,798,078	14,210,645
<b>Iomlán na gCistí</b>			<u>17,798,078</u>	<u>18,210,645</u>

Is dlúthchuid de na ráitis airgeadais seo na nótaí ar leathanaigh 11 go 20.

D'fhaomh an Chomhairle na ráitis airgeadais an **8 Bealtaine 2017** agus síníodh iad thar a ceann ag

**Gerry Quinn**  
Cathaoirleach

**Tomás Ó Ruairc**  
Stiúrthóir

# Ráiteas ar Shreabhadh Airgid Thirim

don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016

	Nótaí	2016 €	2015 €
<b>Barrachas oibriúcháin a réiteach le glan-insreabhadh airgid thirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin</b>			
(Easnamh) / barrachas oibriúcháin (roimh ús faighte)		(437,217)	692,845
Dímheas	<b>3</b>	406,320	297,088
(Méadú) / Laghdú ar fhéichiúnaithe	<b>9</b>	48,855	18,184
Méadú / (Laghdú) ar chreidiúnaithe	<b>10</b>	(23,055)	(43,339)
<b>Glansreabhadh airgid thirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin</b>		<b>(5,097)</b>	<b>964,778</b>

## Ráiteas ar Shreabhadh Airgid Thirim

Glansreabhadh airgid thirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		(5,097)	964,778
Torthaí ar infheistíochtaí agus fónamh ar airgeadas	<b>13</b>	41,780	88,615
Cánachas	<b>13</b>	(17,130)	(36,332)
Fuascailt infheistíochta	<b>8</b>	10,014	580
Caiteachas caipitiúil agus infheistíocht airgeadais	<b>13</b>	(121,972)	(1,446,737)
<b>(Laghdú) ar airgead tirim sa bhliain</b>		<b>(92,405)</b>	<b>(429,096)</b>

## Glansreabhadh airgid thirim a réiteach le gluaiseachtaí i nglanchistí (Nóta 14)

(Laghdú) ar airgead tirim sa bhliain		(92,405)	(429,096)
Glanclistí amhail an 1 Eanáir 2016		12,939,364	13,368,460
<b>Glanclistí amhail an 31 Nollaig 2016</b>	<b>14</b>	<b>12,846,959</b>	<b>12,939,364</b>

D'fhaomh an Chomhairle na ráitis airgeadais an **8 Bealtaine 2017** agus síníodh iad thar a ceann ag

**Gerry Quinn**  
Cathaoirleach

**Tomás Ó Ruairc**  
Stiúrthóir

# Nótaí a Ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

## 1. Beartais Chuntasaíochta

### 1.1. Coinbhinsiún Cuntasaíochta

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta a bhfuil glacadh coitianta leo in Éirinn agus reacht na hÉireann (FRS102 san áireamh). Is iad na caighdeáin chuntasaíochta a bhfuil glacadh coitianta leo in Éirinn agus ráitis airgeadais á n-ullmhú ina dtugtar léargas fíor cothrom, na caighdeáin arna bhfoilsíú ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais.

### 1.2. Ioncam

Is ionann ioncam agus táillí clárúcháin agus measúnaithe a fhaightear i rith na bliana. Tugtar cuntas ar an ioncam/na táillí uile is infhaighte ar bhonn fáltas, seachas ar an ioncam ón athbhreithniú agus creidiúnú ar chlár d'oideachas tosaigh múinteoirí atá ar bhonn sonraisc. Cláraíonn na múinteoirí i rith na bliana agus maireann an clárú seo ar feadh 12 mhí. Ní dhéantar an t-ioncam a iarchur chun é seo a léiriú. In 2014 cheannaigh an Chomhairle Bloc A, Campas Gnó Mhaigh Nuad agus tá ioncam cíosa á fháil aici ó thionóntaí an fhoirgnimh. Tá sé seo curtha san áireamh faoi “Ioncam Eile” sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

### 1.3. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe agus Dímheas

Luaitear na sócmhainní seasta inláimhsithe de réir a gcostas stairiúil lúide dímheas carntha.

Déantar gach sócmhainn sheasta inláimhsithe a dhímheas ar rátaí arna ríomh chun costas nó luacháil gach sócmhainne, lúide an luach iarmharach measta, a dhíscríobh go córasach ar feadh a saolré fóna ionchais, mar seo a leanas

Áitreabh	-	2.5% de réir méid chothroim
Daingneáin agus Feistis	-	10% de réir méid chothroim
Bogearraí Ríomhaire	-	20% de réir méid chothroim
Trealamh Ríomhaire	-	33.33% de réir méid chothroim

Déantar luachanna anonn na sócmhainní seasta inláimhsithe a athbhreithniú gach bliain le haghaidh laghdú i dtréimhsí más rud é go dtugann imeachtaí nó athruithe ar chúinsí le fios go bhfuil seans ann nach mbeidh an luach anonn in-aisghabhála.

I rith 2015 rinne an Chomhairle Mhúinteoireachta “Feistiú” ar chuid den fhoirgneamh. Ní raibh sé seo críochnaithe faoi dheireadh mhí na Nollag 2015 agus mar thoradh air sin ní dhearnadh dímheas a mhuirearú le linn na tréimhse. Thosaigh an dímheas in 2016 ag ráta 10% de réir mhéid chothroim in aghaidh na bliana.

### 1.4. Infheistíochtaí

Déantar infheistíochtaí sócmhainní seasta a lua mar chostas lúide foráil do laghduithe ar luach. Aithnítear ioncam ó infheistíochtaí sócmhainne seasta airgeadais, agus aon cháin shiarchoinneálach lena mbaineann, sa chuntas ioncaim agus caiteachais don bhliain ina ngnóthaítear é .

### 1.5. Pinsin

Déanann an Chomhairle scéim pinsin le sochar sainithe a fheidhmiú dá cuid fostaithe. Tá an scéim bunaithe ar Shamhail na Seirbhíse Poiblí agus d’fhaomh an tAire Oideachais agus Scileanna agus an tAire Airgeadais í. Déantar sochair pinsin is iníochta faoin scéim a mhaoiniú as an Státchiste.

Ina theannta sin, tá roinnt saintréithe faoi leith ag socruithe na Comhairle:

- > íocann an Chomhairle ranníocaíocht chomhaontaithe leis an Roinn Oideachais agus Scileanna;
- > tá eilimint fostaí san áireamh sa ranníocaíocht sin i dteannta na heiliminte fostóra. De réir bheartas an rialtais faoi pinsin san earnáil phoiblí, is ionann ranníocaíocht an fhostóra agus 25% de phá comhlán fostaithe a íocann ÁSPC ag ráta A agus 30% de phá comhlán fostaithe a íocann ÁSPC ag ráta D;
- > thug an Roinn Oideachais agus Scileanna, le comhaontú na Roinne Airgeadais, gealltanais follasach go n-íofar costas na sochar as an Státchiste de réir mar a bheidh siad dlite.

In Acht Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012 tugadh isteach an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair nua (“Scéim Aonair”) a tháinig i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2013. Is baill den Scéim Aonair iad na fostaithe nua uile den Chomhairle Mhúinteoireachta, ar iontrálaithe nua iad sa tseirbhís phoiblí ar an nó i ndiaidh an 1 Eanáir 2013.

Measann an Chomhairle go bhfuil an tionchar airgeadais céanna ag na socruithe pinsin thuas ó thaobh na Comhairle de agus a bheadh ag scéim phinsin le ranníocaíocht shainithe. Tá an Chomhairle den tuairim nach bhfuil forálacha FRS 17, Cuntasaíocht do Shochair Scoir, a bhíonn i gcás scéimeanna le sochair shainithe, feiliúnach dá cuid cúinsí. Dá réir sin, déantar a ranníocaíocht a chuntas amhail is dá mba scéim le ranníocaíocht shainithe í.

### 1.6. Cánachas

Bunaítear an muirear bliantúil ar chánachas ar ús ar thaiscí don bhliain agus ríomhtar é faoi threoir an ráta cánach atá i bhfeidhm dáta an chláir chomhardaithe.

### 1.7. Cúlchistí Ainmnithe

Chinn an Chomhairle go bhféadfaidh sí, de réir mar is rogha léi féin, suimeanna airgid gan teorainn a chur ar leataobh i gcomhair cúiseanna ainmnithe sa todhcháí. I gcás nach mbeidh gá a thuilleadh leis na cistí seo cuirfear ar ais sa Chúlchiste Ginearálta iad.

## 2. Ioncam

D'eascair ioncam na heagraíochta don bhliain as a príomhghníomhaíocht ar tugadh fúithi go hiomlán in Éirinn.

## 3. Barrachas Oibriúcháin

	2016	2015
	€	€
<b>Luaitear barrachas oibriúcháin i ndiaidh na nithe seo a leanas a mhuirearú:</b>		
Dímheas	406,320	297,088
Luach Saothair an Iniúcháin	7,664	6,347

## 4. Fostaithe

	2016	2015
	Number	Number
<b>Líon na bhfostaithe</b>		
Ba é meánlíon míosúil na bhfostaithe i rith na bliana:		
Fostaithe	44	36
	44	36

	2016	2015
	€	€
<b>Costais Fostaíochta</b>		
Pá agus tuarastail	1,963,533	1,646,399
Costais leasa shóisialaigh	162,016	134,855
Costais pinsean	437,508	389,620
Costas Seirbhísí Bainistithe	980,938	731,284
Costais Oiliúna & Leasa	80,620	67,514
Costais eile foirne	8,336	14,232
	3,632,951	2,983,904

## 5. Costais Pinsean

The pension cost represents contributions payable by the Council to the pension fund.

## 6. Cánachas

	2016	2015
	€	€
<b>Cánachas na bliana reatha</b>		
DIRT	17,130	36,332

Déantar Sceideal 4 a ghabhann leis an Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 a leasú in Alt 37 den Acht Airgeadais (Uimh. 2), 2013 d'fhonn an Chomhairle Mhúinteoireachta a áireamh sa liosta de chomhlachtaí sonraithe neamhthráchtála atá urraithe ag an Stát agus a cháilíonn do dhíolúine ó fhorálacha áirithe cánach faoi Alt 227 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997. De réir an ailt sin, tá ioncam áirithe a eascraíonn agus ab inmhuirir i leith cáin faoi Chás III, IV, agus V de Sceideal D mura mbeadh an t-alt sin ann, faoi dhíolúine ó cháin ioncaim. Bíonn ús taisce faoi réir cáin choinneála ar ús taisce (DIRT) i gcónaí.

## 7. Sócmhainní Seasta

	Áitreabh	Daingneáin & Feistis	Bogearraí Ríomhaire	Trealamh Ríomhaire	Iomlánl
	€	€	€	€	€
<b>Costas</b>					
Amhail an 1 Eanáir 2016	3,691,937	1,537,115	774,135	575,322	6,578,509
Breiseanna	-	56,994	10,528	54,450	121,972
Diúscairtí	-	-	-	-	-
Amhail an 31 Nollaig 2016	3,691,937	1,594,109	784,663	629,772	6,700,481
<b>Dímheas</b>					
Amhail an 1 Eanáir 2016	92,298	174,369	489,811	480,176	1,236,654
Ar dhiúscairtí	-	-	-	-	-
Muirear don bhliain	92,298	154,137	86,433	73,452	406,320
Amhail an 31 Nollaig 2016	184,596	328,506	576,244	553,628	1,642,974
<b>Glanluachanna leabhar</b>					
Amhail an 31 Nollaig 2016	3,507,341	1,265,603	208,419	76,144	5,057,507
Amhail an 31 Nollaig 2015	3,599,639	1,362,746	284,324	95,146	5,341,855



## 8. Infheistíochtaí

	Infheistíochtaí Liostaithe €	Iomlán €
<b>Costas</b>		
Amhail an 1 Eanáir 2016	10,014	10,014
Fuascailt i rith na bliana	(10,014)	(10,014)
Amhail an 31 Nollaig 2016	-	-
<b>Glanluachanna leabhar</b>		
Amhail an 31 Nollaig 2016	-	-
Amhail an 31 Nollaig 2015	10,014	10,014

Rinneadh an t-ioncam infheistíochta tuillte de €461 i rith 2016 a fhuascailt ansin ar an 19 Aibreán 2016

## 9. Féichiúnaithe

	2016 €	2015 €
Réamhíocaíochtaí	5,445	-
Féichiúnaithe Eile	1,834	43,327
Ioncam Fabhráithe	3,518	16,235
	10,797	59,562

Is é atá i gceist le figiúr na bhféichiúnaithe eile ná Scéimeanna na Rothar chun Oibre agus táillí infhaighte tar éis athbhreithniú agus creidiúnú a dhéanamh ar na cláir oideachas tosaigh múinteoirí.

## 10. Creidiúnaithe: Méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin

	2016 €	2015 €
Cánacha eile agus costais slándála sóisialaí	16,421	19,617
Fabhrúithe	100,764	120,623
	117,185	140,240

	2016 €	2015 €
<b>San áireamh sna Cánacha eile agus sna Costais Slándála Sóisialaí:</b>		
ÍMAT / ÁSPC	-	54
CBL	562	-
PSWT	15,859	19,563
	16,421	19,617

## 11. Cúlchistí

	Cúlchiste Ginearálta €	Cúlchiste Ainmnithe €	Iomlán €
<b>Cúlchistí Tosaigh</b>	14,210,645	4,000,000	18,210,645
Easnamh don bhliain	(412,567)	-	(412,567)
<b>Cúlchistí Deiridh</b>	<u>13,798,078</u>	<u>4,000,000</u>	<u>17,798,078</u>

De réir straitéis airgeadais na Comhairle, bunaíodh na cúlchistí ainmnithe mar chiste teagmhais chun aon chostas mór a ghlanadh a d'fhéadfadh éirí as agóidí dlíthiúla a bheith tugtha in aghaidh aon chuid den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 agus as aon rialú de chuid na Comhairle. De réir bheartas cuntasafóchta na Comhairle, i gcás nach mbeidh gá a thuilleadh leis na cistí seo cuirfear ar ais sa Chúlchiste Ginearálta iad.

## 12. Idirbhearta Páirtithe Gaolmhara

De réir an Achta um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, tá comhaltaí na Comhairle i dteideal aisíocaíocht a fháil i leith na gcostas a thabhaíonn siad de riachtanas agus iad i mbun obair na Comhairle nó i mbun obair Choistí na Comhairle. Ní mór do na comhaltaí, ar múinteoirí iad, a gclárú a athnuachan gach bliain chomh maith. Déantar na hidirbhearta uile ar bhonn neamhthuileamaí agus tá siad san áireamh sna ráitis airgeadais seo.

## 13. Ollsreafaí Airgid Thirim

	2016 €	2015 €
<b>Torthaí ar Infheistíochtaí agus Fónamh ar Airgeadas</b>		
Ús faighte	41,780	88,615
<b>Cánachas</b>		
DIRT	(17,130)	(36,332)
<b>Caiteachas Caipitiúil agus Infheistíocht Airgeadais</b>		
Íocaíochtaí chun sócmhainní inláimhsithe a fháil	(121,972)	(1,446,737)

## 14. Anailís ar Athruithe i nGlanchistí

	Iarmhéid tosaigh €	Sreafaí airgid thirim €	Iarmhéid deiridh €
Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh	12,939,364	(92,405)	12,846,959
Glanchistí	<u>12,939,364</u>	<u>(92,405)</u>	<u>12,846,959</u>

## 15. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an Chomhairle na ráitis airgeadais an **8 Bealtaine 2017** agus síníodh iad thar a ceann ag

**Gerry Quinn**  
Cathaoirleach

**Tomás Ó Ruairc**  
Stiúrthóir

# Aguisín 2

## Comhaltaí na Comhairle Múinteoireachta

### Tá 37 comhalta ar an gComhairle Mhúinteoireachta, mar seo a leanas:

- > 11 mhúinteoir bunscoile (naonúr atá tofa agus beirt atá ainmnithe ag ceardchumainn na múinteoirí)
- > 11 mhúinteoir iarbhunscoile (seachtar atá tofa agus ceathrar atá ainmnithe ag ceardchumainn na múinteoirí)
- > beirt atá ainmnithe ag coláistí oideachais
- > beirt atá ainmnithe ag comhlachtaí tríú leibhéal sonraithe
- > ceathrar atá ainmnithe ag bainistíocht scoile (beirt ag leibhéal na bunscoile agus beirt ag leibhéal na hiarbhunscoile)
- > beirt atá ainmnithe ag cumainn tuismitheoirí (duine amháin ag leibhéal na bunscoile agus duine amháin ag leibhéal na hiarbhunscoile) agus
- > cúigear atá ainmnithe ag an Aire Oideachais agus Scileanna (lena n-áirítear duine amháin chun ionadaíocht a dhéanamh do IBEC agus duine amháin chun ionadaíocht a dhéanamh do ICTU).

Tháinig an Chomhairle le chéile deich n-uaire i rith na bliana agus taispeántar tinreamh gach

comhalta sa tábla seo a leanas. Bhí roinnt comhaltaí ceaptha ar an gComhairle níos déanaí sa bhliain; dá bhrí sin, d'fhreastail siad ar níos lú cruinnithe ná iad siúd a ceapadh ag tús théarma na Comhairle.

Ainm	Cruinnithe ar freastalaíodh orthu
Elizabeth Cooney, Uasal	10
An tUrramach, an Dr Tom Deenihan *	1
Michael Delargey, Uasal	8
Karen Devine, Uasal	7
Catherine Doolan, Uasal	9
Niall Duddy, Uasal	10
Patricia Duffy, Uasal	6
Peter Finnegan, Uasal (Ceaptha ar an 4 Deireadh Fómhair 2016)	1
An Dr Mary Fleming	8
Pat Gilmore, Uasal	8
Mairéad Glynn, Uasal	10
Colm Harte, Uasal	10
John Holian, Uasal	10
Declan Kelleher, Uasal	9
Ferdia Kelly, Uasal	7
Gregor Kerr, Uasal	10
Martin Lally, Uasal (Ceaptha ar an 31 Bealtaine 2016)	7
Máire Lineen, Uasal	10
Áine Lynch, Uasal	7
Denis Magner, Uasal	10
Claire Markey, Uasal	10
Sean McMahon, Uasal	9
Paul Mooney, Uasal	10
Noelle Moran, Uasal	10
Seamus Mulcory, Uasal * (Ceaptha ar an 11 Iúil 2016)	4
Yvonne Ní Mhurchu, Uasal	7
An tOll. Pádraig Ó Duibhirt (Ceaptha ar an 31 Bealtaine 2016)	5
Séamus Ó Fearraigh, Uasal	10
Deirdre O'Connor, Uasal	9
Séamus O'Connor, Uasal	9
An tOll. Anne O'Gara (Ceaptha ar an 31 Bealtaine 2016)	6
Seán O'Neill, Uasal	10
An tOll. Mary O'Sullivan	9
Gerry Quinn, Uasal	9
Eamonn Shaughnessy, Uasal	10
Tracie Tobin, Uasal	7
Frank Turpin, Uasal	7

\*D'éirigh an tUrramach, an Dr Tom Deenihan as an gComhairle agus tháinig Seamus Mulconry, Uasal, ina áit.

# Aguisín 3

## Coistí agus painéil

Tá coistí agus painéil éagsúla bunaithe ag an gComhairle Mhúinteoireachta chun a cuid oibre a éascú.

### An Coiste Feidhmiúcháin

Déanann an Coiste Feidhmiúcháin feidhmiú éifeachtúil éifeachtach na Comhairle a éascú trí ghnó na Comhairle a stiúradh idir cruinnithe ginearálta.

Bhuail an Coiste le chéile deich n-uaire le linn na bliana agus is iad seo a leanas 11 chomhalta an choiste amhail an 27 Márta 2017.

Ainm	Cruinnithe ar freastalaíodh orthu
Mairéad Glynn, Uasal	9
John Holian, Uasal	10
Declan Kelleher, Uasal	10
Martin Lally, Uasal	5
Sean McMahon, Uasal	10
Paul Mooney, Uasal	10
Noelle Moran, Uasal	8
Deirdre O'Connor, Uasal	10
An tOll. Mary O'Sullivan	6
Gerry Quinn, Uasal	10
Frank Turpin, Uasal	5

### An Coiste Imscrúdaithe

Féadfaidh duine ar bith iarratas a dhéanamh chuig an gCoiste Imscrúdaithe ar fhiosrú a dhéanamh ar mhúinteoir cláraithe i ndáil le feidhmiúlacht chun múineadh.

Bhuail an Coiste le chéile deich n-uaire le linn na bliana agus is iad seo a leanas 11 chomhalta an choiste amhail an 27 Márta 2017.

Ainm	Cruinnithe ar freastalaíodh orthu
An tUrramach, an Dr Tom Deenihan*	1
Michael Delargey, Uasal	6
Karen Devine, Uasal	10
Catherine Doolan, Uasal	9
Niall Duddy, Uasal	10
Mairéad Glynn, Uasal	10
Ferdia Kelly, Uasal	7
Sean McMahon, Uasal	10
Paul Mooney, Uasal	10
Noelle Moran, Uasal	9
Seamus Mulconry, Uasal *	5
Séamus Ó Fearraigh, Uasal	10

\* D'éirigh an tUrramach, an Dr Tom Deenihan as an gComhairle agus tháinig Seamus Mulconry, Uasal, ina áit ar an gCoiste Imscrúdaithe.

## An Coiste Araíonachta

Déanfaidh painéal ón gCoiste Araíonachta éisteacht a reáchtáil maidir le gearáin a chuireann an Coiste Imscrúdaithe chuige.

Bhuail an Coiste le chéile ocht n-uaire le linn na bliana agus is iad seo a leanas 13 chomhalta an choiste amhail an 27 Márta 2017.

Ainm	Cruinnithe ar freastalaíodh orthu
Elizabeth Cooney, Uasal	8
Patricia Duffy, Uasal	5
Pat Gilmore, Uasal	8
Declan Kelleher, Uasal	8
Áine Lynch, Uasal	5
Denis Magner, Uasal	6
Claire Markey, Uasal	8
An tOll. Pádraig Ó Duibhir	6
Seán O'Neill, Uasal	7
Eamonn Shaughnessy, Uasal	8
Tracie Tobin, Uasal	7
Frank Turpin, Uasal	5

## An Coiste Clárúcháin

Cuireann an Coiste Clárúcháin comhairle ar an gComhairle agus tugann sé moltaí di faoi gach réimse a bhaineann le múinteoirí a chlárú leis an gComhairle.

Bhuail an Coiste le chéile sé huair le linn na bliana agus is iad seo a leanas 11 chomhalta an choiste amhail an 27 Márta 2017.

Ainm	Cruinnithe ar freastalaíodh orthu
Mairéad Glynn, Uasal	6
Niall Duddy, Uasal	6
An Dr Mary Fleming	4
Colm Harte, Uasal	6
John Holian, Uasal	6
Gregor Kerr, Uasal	6
Martin Lally, Uasal	4
Yvonne Ní Mhurchu, Uasal	5
An tOll. Pádraig Ó Duibhir	3
Séamus Ó Fearraigh, Uasal	6
Eamonn Shaughnessy, Uasal	5

## An Grúpa Athbhreithnithe ar Chlárú

Suíonn an Coiste Clárúcháin mar Ghrúpa Athbhreithnithe ar Chlárú i gcásanna nach bhfuil múinteoirí sásta le toradh faoi chinneadh a dhéanann Painéal agus iarrann siad go ndéanfar athbhreithniú ar an gcinneadh tosaigh. Tháinig an grúpa le chéile naoi n-uaire le linn na bliana. Tarraingíonn baill den choiste a raibh baint acu le cinneadh an phainéil nó a bhfuil coimhlint leasa acu siar ón gcrúinniú.

## An Coiste Oideachais

Tá sé de fhreagracht ar an gcoiste seo moltaí a chur faoi bhráid na Comhairle maidir le beartas a bhaineann leis an leanúntas oideachas múinteoirí.

Bhuail an Coiste le chéile ocht n-uair le linn na bliana agus is iad seo a leanas 12 chomhalta an choiste amhail an 27 Márta 2017.

Ainm	Cruinnithe ar freastalaíodh orthu
Elizabeth Cooney, Uasal	8
Michael Delargey, Uasal	5
Catherine Doolan, Uasal	7
Patricia Duffy, Uasal	7
Declan Kelleher, Uasal	8
Ferdia Kelly, Uasal	7
Máire Lineen, Uasal	8
Denis Magner, Uasal	8
Claire Markey, Uasal	8
Yvonne Ní Mhurchu, Uasal	8
An tOll. Anne O'Gara	5
An tOll. Mary O'Sullivan	7

## An Coiste Airgeadais

Déanann an Coiste Airgeadais maoirseacht ar chúrsaí airgeadais na Comhairle.

Bhuail an Coiste le chéile cúig huair le linn na bliana agus is iad seo a leanas ochtar comhaltaí an choiste amhail an 27 Márta 2017.

Ainm	Cruinnithe ar freastalaíodh orthu
Niall Duddy, Uasal	5
Pat Gilmore, Uasal	5
Denis Magner, Uasal	4
Paul Mooney, Uasal	5
Noelle Moran, Uasal	5
Séamus O'Connor, Uasal	5
An tOll. Anne O'Gara	3
Frank Turpin, Uasal	3

## An Coiste Iniúcháireachta

Déanann an Coiste Iniúcháireachta monatóireacht ar chórais, rialuithe airgeadais agus nósanna imeachta na Comhairle chun a chinntiú go n-oibríonn siad ar bhealach ordúil, éifeachtúil.

Bhuail an Coiste le chéile ceithre huair le linn na bliana agus is iad seo a leanas cúigear comhaltaí an choiste amhail an 27 Márta 2017.

Ainm	Cruinnithe ar freastalaíodh orthu
Elizabeth Cooney, Uasal	4
Martin Lally, Uasal	3
Seamus Mulconry, Uasal	3
Séamus Ó Fearraigh, Uasal	4
Séamus O'Connor, Uasal	3

## An Painéal Clárúcháin

Tá an Painéal Clárúcháin freagrach as measúnú a dhéanamh ar shaincheisteanna a bhaineann le clárú múinteoirí, ar nós síneadh ama a thabhairt dóibh siúd a bhfuil clárú coinníollach acu.

Bhuail an Painéal Clárúcháin le chéile sé huairé i rith na bliana, agus agus is iad seo a leanas cúigear comhaltaí an choiste amhail an 27 Márta 2017:

Ainm	Cruinnithe ar freastalaíodh orthu
John Holian, Uasal	6
Gregor Kerr, Uasal	6
Máire Lineen, Uasal	6
Claire Markey, Uasal *	5
Yvonne Ní Mhurchu, Uasal	5
Séamus Ó Fearraigh, Uasal *	1

*\*Tháinig Claire Markey, Uasal, in áit Séamus Ó Fearraigh ar an bPainéal Clárúcháin.*

## An Painéal Fianaise ar Charachtar

Déanann Painéal Fianaise ar Charachtar na Comhairle measúnú ar an bhfianaise ar charachtar a sholáthraíonn iarratasóirí atá ag iarraidh clárú mar mhúinteoirí leis an gComhairle. Tá an Painéal freagrach as measúnú a dhéanamh ar dhaoine cúí agus oiriúnacha mar chuid den phróiseas athnuachana ar chlárú.

Bhuail an Painéal le chéile seacht n-uairé le linn na bliana agus is iad seo a leanas seachtar comhaltaí an choiste amhail an 27 Márta 2017.

Ainm	Cruinnithe ar freastalaíodh orthu
Colm Harte, Uasal	7
Elizabeth Cooney, Uasal**	1
An tUrramach, an Dr Tom Deenihan*	1
Patricia Duffy, Uasal **	4
An Dr Mary Fleming	1
Denis Magner, Uasal	4
Sean McMahon, Uasal	7
Paul Mooney, Uasal	7
Seamus Mulconry, Uasal *	2

*\* D'éirigh an tUrramach, an Dr Tom Deenihan as an gComhairle agus tháinig Seamus Mulconry, Uasal, ina áit ar an bPainéal Fianaise ar Charachtar.*

*\*\*Tháinig Elizabeth Cooney, Uasal, in áit Patricia Duffy, Uasal, ar bhonn sealadach.*

## Painéal Cáilíochtaí

Déanann Painéal Cáilíochtaí na Comhairle measúnú ar cháilíochtaí gairmiúla na n-iarratasóirí atá ag iarraidh clárú mar mhúinteoirí.

Bhuail an painéal le chéile ocht n-uairé i rith na bliana, agus is iad seo a leanas cúigear comhaltaí an choiste amhail an 27 Márta 2017:

Ainm	Cruinnithe ar freastalaíodh orthu
Karen Devine, Uasal	7
An Dr Mary Fleming	7
Claire Markey, Uasal*	2
Séamus Ó Fearraigh, Uasal*	5
Seán O'Neill, Uasal	8
Tracie Tobin, Uasal	6

*\*Tháinig Séamus Ó Fearraigh, Uasal, in áit Claire Markey, Uasal, ar an bPainéal Cáilíochtaí.*

# Aguisín 4

## Costais chomhaltaí na Comhairle 2016

### 1 Eanáir go dtí 31 Nollaig

Sa tábla seo a leanas leagtar amach na costais cruinnithe don bhliain féilire 2016 do na comhaltaí a bhí ar an tríú Comhairle, áit ar tháinig an téarma oifige chun deiridh ar an 27 Márta 2016.

Ainm	Costais a éilíodh	Líon iomlán na gcruinnithe ar freastalaíodh orthu
Michael Barry, Uasal	€5,405.33	17
Noel Buckley, Uasal	€3,147.30	12
Kieran Christie, Uasal	€57.89	2
An Dr Marie Clarke	€0.00	2
Eimear Cole, Uasal	€190.12	6
John Conlon, Uasal	€1,101.24	2
Lily Cronin, Uasal	€5,091.60	13
Derbhile De Paor, Uasal	€1,249.45	6
Elaine Devlin, Uasal	€1,090.50	7
An Dr Ken Fennelly	€0.00	6
Eileen Flynn, Uasal	€99.24	4
An tOll. Michael Hayes	€1,111.80	4
Marie Humphries, Uasal	€182.86	12
Mary Kelly, Uasal	€155.94	6
Áine Lynch, Uasal	€0.00	2
Christopher Maginn, Uasal	€166.59	4
An Dr Deirdre Mathews	€0.00	11
Brendan McCabe, Uasal	€400.15	8
Fergal McCarthy, Uasal	€5,462.56	16
Anne McElduff, Uasal	€764.35	7
An Dr Andrew McGrady	€394.32	12
Marie McLoughlin, Uasal	€181.94	3
Patsy McVicar, Uasal	€5,453.96	17
Dympna Mulkerrins, Uasal	€474.90	14
Brid Ní Raghallaigh, Uasal	€0.00	3
Micheál Ó Gríofa, Uasal	€1,059.87	11
Diarmuid Ó Murchú, Uasal	€1,038.81	9
Kathleen O'Connor, Uasal	€1,452.27	6
An Dr Joe O'Hara	€249.84	9
Bernadine O'Sullivan, Uasal	€323.07	12
Eleanor Petrie, Uasal	€386.83	6
Bernie Ruane, Uasal	€1,757.94	7
Joan Russell, Uasal	€3,206.70	11
Don Ryan, Uasal	€3,469.13	9
Milo Walsh, Uasal	€2,369.83	8
Declan Kelleher, Uasal	€1,620.52	8
Frank Turpin, Uasal	€156.55	2



Leagtar amach sa tábla seo a leanas na costais cruinnithe don bhliain féilire 2016 do na comhaltaí a bhí ar an gceathrú Comhairle áit ar thosaigh an téarma oifige ar an 28 Márta 2016.

Ainm	Costais a éilíodh	Líon iomlán na gcruinnithe ar freastalaíodh orthu
Elizabeth Cooney, Uasal	€2,099.08	22
An tUrramach, an Dr Tom Deenihan	€0.00	3
Michael Delargey, Uasal	€3,778.53	15
Karen Devine, Uasal	€3,228.88	19
Catherine Doolan, Uasal	€3,746.59	20
Niall Duddy, Uasal	€5,727.51	27
Patricia Duffy, Uasal	€560.20	20
Peter Finnegan, Uasal	€0.00	0
An Dr Mary Fleming	€2,223.70	16
Pat Gilmore, Uasal	€2,834.26	14
Mairéad Glynn, Uasal	€555.66	31
Colm Harte, Uasal	€2,528.73	22
John Holian, Uasal	€5,250.53	29
Ferdia Kelly, Uasal	€614.60	15
Gregor Kerr, Uasal	€346.95	21
Martin Lally, Uasal	€0.00	14
Máire Lineen, Uasal	€823.18	19
Áine Lynch, Uasal	€0.00	7
Denis Magner, Uasal	€1,548.61	23
Claire Markey, Uasal	€0.00	25
Sean McMahon, Uasal (Leaschathaoirleach)	€8,991.40	30
Paul Mooney, Uasal	€1,899.23	32
Noelle Moran, Uasal	€5,674.21	24
Seamus Mulconry, Uasal	€0.00	8
Yvonne Ní Mhurchu, Uasal	€2,026.87	22
An tOll. Pádraig Ó Duibhir	€225.20	8
Séamus Ó Fearraigh, Uasal	€8,030.73	30
Deirdre O'Connor, Uasal	€259.00	16
Séamus O'Connor, Uasal	€4,560.81	13
An tOll. Anne O'Gara	€573.20	9
Seán O'Neill, Uasal	€0.00	19
An tOll. Mary O'Sullivan	€3,119.00	16
Gerry Quinn, Uasal (Cathaoirleach)	€2,597.08	20
Eamonn Shaughnessy, Uasal	€5,781.95	20
Tracie Tobin, Uasal	€3,234.43	13
Declan Kelleher, Uasal	€5,508.23	27
Frank Turpin, Uasal	€287.69	16





**An Chomhairle Mhúinteoireachta**  
**The Teaching Council**

Bloc A, Campus Gnó Mhaigh Nuad,  
Maigh Nuad, Co. Chill Dara, W23 Y7Xo, Éire

Teileafón +353 1 651 7900  
R-phost [info@teachingcouncil.ie](mailto:info@teachingcouncil.ie)

[www.teachingcouncil.ie](http://www.teachingcouncil.ie)

**An Chomhairle**  
**Mhúinteoireachta**   
**The Teaching Council**